TRAIDISIÚN DE MHACHNAMH NEAMHSPLEÁCH

UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

Tuarascáil an Uachtaráin 2020/2021

Ar aghaidh

Clár

Réamhrá an Uachtaráin 03
Ollscoil Chónsasctha 04
Bliain in COC 05
Rangú 06
Freagra ar COVID-19 07
Fís, Misean agus Luachanna 08

COC 2022 Ag Soláthar Ollscoil Chónasctha 09
Foghlaim Chónasctha 11
Taighde agus Nuálaíocht Chónasctha 16
Eispéireas Cónasctha na Mac Léinn 21
Daoine Cónasctha 26
Campas Cónasctha 29
Cónascadh lenár bPobal 35
Cónasctha le haghaidh Inbhuanaitheachta 39
Cónasctha: Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú 43

Airgeadas 45
Ceangail a Chumasú 49
Ballraíocht an Choiste Rialaithe 52
Spléachadh ar COC 53

Réamhrá an Uachtaráin

Bhí sé mar phribhléid agam tosnú sa ról mar Uachtarán Choláiste na hOllscoile Corcaigh i mí Lúnasa na bliana 2021. Bliain ó shin agus mé mar Uachtarán Eatramhach, scríobh mé sa réamhrá faoin iliomad dúshlán agus faoin easpa cinnteachta a bhí i ndán dár n-ollscoil agus dár bpobal le linn phaindéim COVID-19. Bhí orainn moill a chur le cuid de chuspóirí straitéiseacha COC le linn na bliana acadúla 2019/2020 d'fhonn dul i ngleic lies an bpaindéim ach thapaíomar an deis sa bhliain acadúil 2020/2021 chun féachaint romhainn agus chun tabhairt faoi athbhreithniú a dhéanamh ar na tosaíochtaí agus an treoir straitéiseach dár gcuid.

I ndiaidh dul i gcomhairle le daoine ar fud na hollscoile, i mí Eanáir 2021, ghlacamar le COC 2022: Ag Soláthar Ollscoil Chónasctha a thógann an dá bhliain dheireanacha de Phlean Straitéiseach 2017-2022 *Machnamh Neamhspleách – Comh-Mhian*. Ba chéim thábhachtach í seo chun inbhuanaitheacht COC a chinntiú go fadtéarmach agus chun aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus na dúshláin nua i gcomhthéacs na ndúshlán geopholaitiúil, na géarchéime aeráide atá ag fás agus an bhrú ó thaobh na sochaí agus na heacnamaíochta de a bhaineann le paindéim COVID-19. Cuimsítear ann cúig théama thábhachtacha: Foghlaim agus Teagasc; Taighde agus Nuálaíocht; Rathúlacht na Mac Léinn; Daoine agus Cultúr Eagraíochtúil; agus Bonneagar agus Acmhainní. Mar bhonn leo seo tá ár dtiomantas d'inbhuanaitheacht, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú, agus caidreamh seachtrach.

Cé go raibh dúshláin COVID-19 ann i gcónaí le linn na bliana acadúla seo, chloíomar lenár gcuid gnóthaí agus leanamar orainn lenár gcuid clár foghlama a sholáthar mar aon le cúrsaí measúnaithe agus lenár gcuid gníomhaíochtaí taighde. D'oibrigh an fhoireann ar dalladh chun eispéireas saibhir a chur ar fáil do na mic léinn. Ní nach ionadh agus dea-theist ar COC ina leith seo agus an gradam buaite aige den dara huair ag Dámhachtainí an Oideachais, 2021 as an eispéireas is fearr a thabhairt do na mic léinn. Agus gníomhaíochtaí earcaíochta, iontrála agus ionduchtaithe aistrithe ar líne againn i mbliana, cúis mhór áthais dúinn ab ea é fáilte a chur roimh 7,500 mac léinn nua go dtí COC, rud a léiríonn sár-iarrachtaí ár gcuid ball foirne.

Bliain thábhachtach ab ea í ó thaobh taighde de chomh maith mar gur ceapadh Leas-Uachtarán nua Taighde agus Nuálaíochta agus ghnóthaíomar nach mór €100m i ndámhachtainí taighde. Sa bhliain seo, d'éirigh níos fearr ná riamh ag COC i nglaoch maoinithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus ghnóthaigh sé trí Dhámhachtain Chomhdhlúthaithe dar luach €6.4 milliún. Fíorghaisce é seo agus sinn ag díriú ar ár gcuid taighde a fheabhsú agus ár gcuid nuálaíochta a chothú fad is atáimid ag dul i ngleic le riachtanais mhóra na sochaí faoi láthair de dheasca phaindéim COVID-19 atá fós linn.

Ó bunaíodh Coiste an Champais Ghlais in COC sa bhliain 2007, tá mic léinn agus baill forne ar fud an champais ag obair le chéile go díograiseach i dtreo is go mbeadh inbhuanaitheacht mar chroílár ag taighde, foghlaim agus oibríochtaí na hollscoile i gcoitinne. Dheineamar dul chun cinn i rith an ama, agus i mbliana ábhar sásaimh do COC é a bheith san 8ú háit as 1,000 ollscoil ó 98 tír ar fud an domhain sa chomórtas *Times Higher Education (THE) Impact Rankings*, rud a fhágann go bhfuilimid ar an ollscoil is fearr in Éirinn maidir leis an tionchar a imrímid ar thodhchaí inbhuanaithe a chruthú. Tháinig feabhas ar ár gcuid UI GreenMetric Rankings chomh maith agus anois tá COC sa 9ú háit ar domhan agus sinn ar an aon ollscoil Éireannach amháin atá i measc na ndeich n-ollscoil is glaise ar fud an domhain.

Tá COC bródúil as a thraidisiún sa spórt agus ba mhór an pléisiúr dúinn féachaint ar na héachtaí stairiúla a rinne ochtar mac léinn reatha de chuid COC chomh maith le seachtar alumni sna Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha i dTóiceo, iad mar ambasaóirí iontacha ar son na hÉireann agus boinn óir agus chré umha sa rámhaíocht beirthe leo. Tá na mic léinn fochéime seo go léir mar chuid de Chlár Mhic Léinn Chumasacha Quercus, a fhaigheann urraíocht fhlaithiúil ó Ford le ceithre bliana anuas. Dúshlán an-mhór a bhíonn i ndán do lúthchleasaithe a mbíonn an dá ghairm acu agus cuireann an tacaíocht ón gclár seo, mar aon le cabhair ár gcomhghleacaithe acadúla, ar a gcumas dul san iomaíocht ag an leibhéal idirnáisiúnta is airde ina gcuid spóirt agus iad ag déanamh dul chun cinn ina gcuid staidéar sa turas.

Ceiliúradh a bhí ann do COC i mbliana agus é 175 bliain d'aois. Ón gcéad uair ar osclaíodh na doirse agus 100 mac léinn ag freastal ar COC sa bhliain 1849, tá fás agus forbairt leanúnach tagtha ar COC, agus tugtar samplaí sa tuairisc seo dár gcuid gaiscí doimhne agus leathana le déanaí mar aon leis an bhfreagra seo againne ar mhórdhúshláin dhomhanda. Cúis mhórtais dom na gaiscí seo ar bhonn aonair agus ar bhonn grúpa agus táim ag tnúth le COC a stiúradh san am geal atá romhainn.

An tOllamh John O'Halloran
Uachtarán
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Ollscoil CHÓNASCTHA

Bliain in COC

Líon na Mac Léinn

23,617
Mac Léinn Cláraithe in COC

92%
Ráta Coinneála na Mac
(Mic léinn na Chéad Bhliana)

23%
Mic léinn ar Chosáin Rochtana

7,831
Bronnadh Céimeanna

€95 milliún
Ioncam Taighde

Níos mó ná 200k Alumni ar fud an Domhain

Bliain in COC

Rangú

QS WORLD UNIVERSITY RANKINGS	**298**	An Áit ar Bhonn Domhanda i Rangú Domhanda Ollscoileanna QS
THE IMPACT RANKINGS	**8**	An Áit sa Domhan i dTionchar THE ar SDGanna na Náisiún Aontaithe
UI GreenMetric World University Rankings	**9**	An Áit ó thaobh na nOllscoileanna is Inbhuanaithe ar Domhan (UI Metric)
THE WORLD UNIVERSITY RANKINGS	**251–300**	An Banda i Rangú Thionchar Ollscoileanna THE

Ábhar/Disciplíní a bhí sa chéad 150 de Rangú Ábhar Domhanda

Rangú QS World University de réir Ábhair

Ábhar nó Disciplín	Rangú Domhanda
Teanga agus Litríocht an Bhéarla	**101–150**
Altranas	**49**
Cógaisíocht agus Cógaseolaíocht	**101–150**
Dlí	**100**
Talmhaíocht agus Foraoiseacht	**57**
Leigheas	**151–200**

Rangú Shanghai Global Subject de réir Ábhair

Ábhar nó Disciplín	Rangú Domhanda
Eolaíocht Bhia agus Innealtóireacht	**49**
Altranas	**51–75**
Fiaclóireacht agus Eolaíochtaí Béil	**51–75**
Eolaíochtaí Cógaisíochta agus Cógaseolaíochta	**101–150**
Biteicneolaíocht	**101–150**
Leigheas Cliniciúil	**101–150**
Sláinte Phoiblí	**101–150**

AN FREAGRA SEO AGAINNE AR COVID-19

Dúnadh an Champais:
mic léinn ag staidéar ar líne agus baill foirne ag obair ar líne

Foghlaim agus Teagasc:
ar líne le linn na bliana acadúla

Earcú, Iontráil agus Ionduchtú na Mac Léinn:
ar líne

Foireann Bainistíochta Éigeandála:
curtha ar aon eolas gach lá

Próiseas Feabhsaithe Cáilíochta:
ar líne

Bronntaí Céimeanna Fíorúla:
lenadh leo seo in earrach 2021

Taighde:
leanadh leis seo le linn na paindéime

Measúnú:
ar líne

Leabharlann:
lean na seirbhísí ar aghaidh

Earcú Foirne:
ar líne

ÁR bhFÍS

A bheith mar ollscoil cheannródaíoch ina bhfuil smaointeoirí neamhspleácha

ÁR MISEAN

Eolas a chruthú, a thuiscint agus a roinnt agus é a chur i bhfeidhm ar mhaithe le cách

ÁR LUACHANNA

Tá ár mbunluachanna mar threoir dár ngníomhartha agus dár bpróisis agus mar thaca leo:

- Cruthaitheacht
- Trédhearcacht
- Saoirse Tuairimíochta
- Comhionannas
- Meas
- Freagrúlacht
- Léann
- Ionracas
- Éagsúlacht
- Ionchuimsiú

COC 2022

AG SOLÁTHAR OLLSCOIL CHÓNASCTHA

COC 2022 - Ag Soláthar Ollscoil Chónasctha

COC 2022:
Ag Soláthar Ollscoil Chónasctha a thógann an dá bhliain dheireanacha de Phlean Straitéiseach 2017-2022 Machnamh Neamhspleách – Comh-Mhian. Uaillmhian Leagtar amach ann tosaíochtaí téamacha straitéis na hollscoile mar aon le hathruithe claochlaithe ar phríomhghníomhaíochtaí chun freagairt do dhúshláin gheopholaitiúla, don ghéarchéim aeráide atá ag méadú agus don bhrú sochaíoch agus eacnamaíoch de dheasca phaindéim COVID -19.

Dhaingnigh An Coiste Rialaithe an plean ar an 1 Nollaig 2020. Cuireadh tús leis an bhfeidhmiú ar an 1 Eanáir 2021.

Aithnítear sa bhunstraitéis seo príomhthosaíochtaí straitéiseacha na hollscoile le haghaidh na tréimhse 2021-2022, agus iad cnuasaithe le chéile laistigh de chúig cinn de philéir théamacha:

- Foghlaim agus Teagasc
- Taighde agus Nuálaíocht
- Rathúlacht na Mac Léinn
- Daoine agus Cultúr Eagraíochtúil
- Bonneagar agus Acmhainní

Tá an plean dhá bhliain seo préamhaithe go doimhin i gcomhoibriú fairsing laistigh agus lasmuigh de COC agus cuireann sé le láidreachtaí na hollscoile i dtaca le fócas ar na mic léinn, inbhuanaitheacht, agus caidreamh pobail agus domhanda, d'fhonn gníomhartha a shainaithint chun freagairt don ghéarchéim reatha agus chun dul chun cinn COC a chinntiú san fhadtéarma.

Foghlaim
CHÓNASCTHA

Mórcheapachán
Ceapadh an tOllamh Stephen Byrne mar Chláraitheoir Eatramhach i mí na Nollag 2020. Tháinig Stephen chun na hollscoile sa bhliain 2004 agus ceapadh é ina dhiaidh sin mar Ollamh le Cleachtas Cógaisíochta Cliniciúil agus mar Cheann Scoil na Cógaisíochta i mí Dheireadh Fómhair 2013. Chomh maith leis sin, bhí sé mar Dhéan na Staidéar Fochéime idir na blianta 2018 agus 2020.

Ag freagairt do Dhúshláin

Tionscnamh um Chaipiteal Daonna
Sa bhliain acadúil seo, dhein an Ollscoil 254 áit le mórchuid fóirdheontais (90-100% de tháillí) ar chúrsaí iarchéime agus ard-dioplóma dóibh siúd ar mhian leo uas- nó athsciliú faoi Thionscnamh um Chaipiteal Daonna (HCI) de chuid an rialtais.

Bronnadh €5.6 milliún ar an ollscoil as áiteanna ar sé cinn de chúrsaí nua sna blianta amach romhainn, sna ceithre choláiste, faoi Philéar 1 den chlár seo a dhíríonn ar chúrsaí tiontaithe.

Tapaítear sna cúrsaí seo atá dírithe ar an tionsclaíocht deiseanna do mhic léinn a gcuid scileanna a fheabhsú i réimsí éagsúla ar nós: teangacha, bogearraí, cúrsaí inbhuanaitheachta agus timpeallachta, an cheimic agus an chógaseolaíocht.

Ina theannta sin, fuair an ollscoil maoiniú breise de €14.4 milliún faoi Philéar 3 den HCI, a dhíríonn ar nuálaíocht agus lúfaireacht, le haghaidh cúig thionscadal nua chun dul i ngleic leis na riachtanais ó thaobh scileanna de i ngeilleagar na hÉireann. Díol suntais is ea an maoiniú seo do chomhoibrithe fiontraíochta an ardoideachais in Éirinn.

Pacáiste Spreagtha Post
I mí Dheireadh Fómhair 2020, ghnóthaigh an ollscoil maoiniú dar luach €1.83 milliún agus fuair 241 mac léinn an deis chun áiteanna a fháil saor in aisce nó ar phraghas an-laghdaithe ar chláir iarchéime faoi phacáiste spreagthaí jabanna de chuid an rialtais. Tá COC ina ollscoil cheannródaíoch in Éirinn ó thaobh comoibrithe tionsclaíochta agus fiontraíochta de agus é ullamh chun dul i ngleic leis na riachtanais eacnamaíocha agus shochaíocha leanúnacha agus a bhíonn de shíor ag athrú.

€1.83m **Maoiniú Faighte ón bPacáiste Spreagtha Post**

Cláir Chéime Dírithe ar Chleachtadh
Lean an ollscoil i gcónaí i mbliana lena freagracht as fostaíocht a chinntiú do mhic léinn agus cúpla clár céime tosnaithe aici atá dírithe ar chleachtadh. Tá an **BEd Gaeilge** agus **an tArd-Dioplóma i Spáinnis le haghaidh Múinteoireachta** deartha mar fhreagra ar an nganntanas múinteoirí in earnáil an iar-bhunoideachais. Chun dul i ngleic leis na ceisteanna a bhaineann le ganntanas múinteoirí, forbraíodh, i gcomhpháirt le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) clár céime nua dar teideal **BA (Onóracha) in Eacnamaíocht Bhaile agus Gnó in MTU** ina bhfuil cosán 'áiteanna cosanta' ann go dtí Máistreacht Ghairmiúil an Oideachais (PME) in COC. Déanfaidh mic leinn staidéar ar feadh trí bliana in MTU agus ar feadh dhá bhliain in COC.

Seoladh **Céim Mháistreachta i dTeicneolaíocht an Phróisis Déiríochta** i gcomhar leis an Kerry Group i mí Iúil 2021. De thoradh thacaíocht an Kerry Group, beidh céimithe in ann uas-sciliú agus iad ag cur leis an rathúlacht de thionscal dúchais fíorthábhachtach in Éirinn.

Buaicphointí Iontrála

Iontráil Fochéimithe
Tháinig méadú de 3% ar an éileamh ar áiteanna san ollscoil sa bhliain 2020 chomh maith le méadú de 1% ar iarratais chéad rogha. Tháinig méadú de 1% ar an éileamh ar chláir Leibhéal 8 ar bhonn náisiúnta, ó 70,542 go dtí 71,314 agus bhí sciar de 15% ar iarratais chéad rogha ag an ollscoil arís.

Ba í iontógáil iomlán fhochéimithe na chéad bhliana tríd an CAO sa bhliain 2020 ná 3,892, rud a sheasann do mhéadú de 4.9% ar iontógáil 2019. Ar an iomlán, chláraigh 280 mac léinn fochéime idirnáisiúnta i mbliana, rud a sheasann do mhéadú de 8.5% i gcomparáid leis an mbliain 2019.

In ainneoin dhúshláin COVID-19, bhí ardráta coinneála (92%) ag UCC i gcónaí i measc mhic léinn na chéad bhliana.

Iontráil Iarchéimithe
De dheascaibh dhúshláin phaindéim COVID-19, is iad seo leanas na figiúirí a bhaineann le hiontógáil iarchéime na bliana acadúla 2020/2021:

Iarchéimeanna Múinte	Neamh-AE	AE
ACE agus IMI	6	837
Coláistí	438	2,599
For-iomlán	444	3,436

Iarchéimeanna Taighde	Neamh-AE	AE
For-iomlán	91	289

4.9% **de mhéadú ar mhic léinn fochéime tríd an CAO idir 2019 agus 2020.**

Foghlaim agus Teagasc

Thacaigh Oifig an Leasuachtaráin Foghlama agus Teagaisc (OVPLT) le baill foirne agus mic léinn araon i ndáil le hábhar foghlama, measúnú agus cúrsaí riaracháin ar líne. Cuirtear feabhas sa teagasc agus san fhoghlaim chun cinn i gcónaí san Ionad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama (CIRTL) agus gradam iarchéime ar líne á sholáthar acu i dTeagasc agus Foghlaim san Ardoideachas ar bronnadh céim nó teastas ar 98 ball foirne i mbliana. Leanann OVPLT le feabhas an teagaisc a fhorbairt agus ról compháirtíochta nó ceannaireachta aige i ngrúpaí de chuid Chumann Ollscoileanna Éireann (IUA agus Chumann Ollscoileanna na Eorpa (EUA), agus i dtionscadail Tionscadail Erasmus+

An tIonad um Oideachas Digiteach
Le linn na bliana acadúla seo, tá an tIonad um Oideachas Digiteach ag cur feabhais i gcónaí ar eispéireas na foghlama digití de chuid na foirne agus na bhfoghlaimeoirí, cuireann sé leis an gcumas chun tabhairt faoin gcianfhoghlaim agus cinntíonn sé go bhfuil an infheistíocht chuí ann ar mhaithe leis an mbonneagar oideachais dhigitigh amach anseo.

Ar na gníomhaíochtaí a chuir siad ar bun bhí:

- Tacaíocht chomhairliúcháin leanúnach a chur ar fáil d'fhoireann CoC maidir le teicneolaíocht an oideachais a chur ar fáil i gcúrsaí oideachais.
- Seisiúin oiliún sheachtainiúla á reáchtáil faoin mbranda Teach Digi, mar chuid de thionscadail Chumann Ollscoileanna Éireann dar teideal 'Enhancing Digital Teaching and Learning'.
- Ag tacú le hobair an Ghrúpa um Pleanáil Leanúnachais i nGnó na Scrúduithe.
- Seisiúin oiliúna sheachtainiúla a sholáthar maidir le raon topaicí de chuid Canvas.
- Suaitheantais dhigiteacha de chuid COC a riaradh, gradam bailíochtaithe micri-dhintiúir a bhronntar ar fhoghlaimeoirí i bhformáid ar líne chun aitheantas a thabhairt don fhoghlaim a thacaíonn leis na luachanna agus na tréithe ar mhian leis an ollscoil a chothú.

An tIonad um Chomhtháthú Taighde, Foghlama agus Teagaisc (CIRLT)
D'éirigh leis an Ionad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama (CIRTL) deontais éagsúla a ghnóthú faoin bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama (NFETL). Mar cheann de na hiarratais seo, dáileadh €458,000 mar mhaoiniú ar fud COC mar thaca le Teagasc agus Foghlaim a Chlaochlú ar mhaithe le Rathúlacht na Mac Léinn.

Foghlaimíodh nithe suntasacha ó dheontas 2019 um Fheabhsú Teagaisc maidir le 'Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe a chomhtháthú' agus bhí rath ar iarrratas eile d'fhonn an t-eolas seo a roinnt le hinstitiúidí ardoideachais eile atá páirteach i ngréasán an Chamapis Ghlais. Díríodh iarratas eile arís ar chaidreamh sibhialta tríd an gcuraclam agus nascann amhlaidh le Clár Thréithe an Chéimí de chuid COC mar aon le cur i bhfeidhm Churaclam Cónasctha na straitéise acadúla fad is atáthar ag cur leis an bhfoghlaim le haghaidh an phobail náisiúnta trí ghréasán Campais de chuid an IUA.

Gréasán Gafa
Tá an t-ionad mar chomhpháirtí gníomhach i gcónaí leis an EUA ar Phiarghrúpaí Téamacha Foghlama agus Teagaisc éagsúla. Sa bhliain seo, roghnaíodh COC (a bhuí le CIRTL agus OVPLT) mar cheann de 29 comhpháirtí i gclár Ceannaireachta agus Eagraíochta um Theagasc agus Foghlaim in Ollscoileanna Eorpacha de chuid an EUA (LOTUS). Tá sé mar aidhm ag tionscadal LOTUS cur le cumasú agus le bainistíocht athraithe straitéisigh maidir le foghlaim agus teagasc in institiúidí ardoideachais ar fud na hEorpa.



Ionad na Scileanna
Lean Ionad na Scileanna de bheith ag obair le comhpháirithithe ar fud na hollscoile chun cláir ar chaidreamh a sholáthar do mhic léinn ar líne. Ar bhuaicphointí na bliana acadúla tá:

- Forbraíodh an **Zón Rathúlachta**, áis chuimsitheach na foghlama fíorúla do mhic léinn. I mbliana, fuair an Zón Rathúlachta 10,500 cuairt in aghaidh na seachtaine ó mhic léinn. Bhí an-éileamh ar na seisiúin 'bheo' chomh maith agus tharla níos mó ná 5,000 caidreamh fíorúil sioncronach le linn na bliana acadúla.
- Cuireadh le soláthar na micri-dhintiúr a chur ar chumas na mac léinn suaitheantais dhigiteacha a fháil as na cúrsaí a deineadh.
- Forbraíodh **Áireamhán na gCeachtanna**, uirlis dhigiteach a chabhródh le mic léinn prionsabail bhainistíochta ama a fhorbairt i ndáil lena gcuid oibre acadúla agus iad ag cur lena gcuid tuisceana maidir leis an scríbhneoireacht acadúil.

An Lárionad Teanga
Cuireadh isteach ar chúrsaí earcaíochta ar chláir lánaimseartha acadúla an Lárionaid Teanga de dheasca shrianta na sláinte poiblí i seimeastar a haon na bliana seo. Mar thoradh air sin, chuir an t-ionad seirbhísí neamhthráchtála ar fáil ar fud na hollscoile an bhliain acadúil seo agus bhí rath nach beag orthu..

Le linn na bliana seo, phléigh an Lárionad Teanga le foirne earcaíochta agus oifgí iontrála d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar a chuid cúrsaí agus seirbhísí ar mhaithe le gné idirnáisiúnta ha hollscoile, agus faoi láthair tá athnuachan straitéiseach dá chuid féin ar siúl aige le go mbeidh sé in ann dul i ngleic le cúrsaí áitiúla agus idirnáisiúnta ar tháinig athrú orthu le linn agus tar éis na paindéime. Thapaigh an t-ionad an deis chun a chuid príomhthosaíochtaí a ailíniú le cur chuige straitéiseach nua de chuid na hollscoile.

Sraith Seimineár Am Lóin
Sa bhliain seo, reáchtáil OVPLT sraith eile seimineár am lóin dar téama '*The UN Sustainable Development Goals (SDGs), Science and the Social Sciences: Engaging with the Wider Community*'. Déanann an tsraith seo cuspóirí straitéiseacha na hollscoile a chónascadh le spriocanna na Náisiún Aontaithe le haghaidh 2030. Chuir an tsraith leis na ceardlanna a reáchtáil CIRTL a thacaigh le baill foirne a gcuid clár agus modúl a mhapáil le SDGanna ar leith.

Dámhachtainí na Laochra Teagaisc
Ag Dámhachtainí na Laochra Teagaisc rinneadh 48 laoch teagaisc a cheilúradh in COC i rith na bliana seo. Tá Dámhachtainí na Laochra Teagaisc ar an aon eiseamláir amháin in Éirinn de dhámhachtainí stiúraithe ag mic léinn dóibh siúd a bhíonn ag teagasc san ardoideachas. Aithníonn an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama na dámhachtainí seo i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn agus le haontais mac léinn eile ar bhonn náisiúnta.

Dámhachtainí an Uachtaráin um Fheabhas Teagaisc
Tá an scéim dámhachtainí seo ar an scéim is sine in Éirinn den sórt seo agus aithníthear inti sáriarrachtaí na foirne teagaisc d'fhonn deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann mic léinn COC an t-eispéireas is fearr foghlaim agus teagasc. Bronnadh gradaim ar na daoine seo leanas sa bhliain 2020:

Ainm	Scoil/roinn
An tOllamh Louise Crowley	Scoil an Dlí
An Dr Gerard McGlacken	Scoil na Ceimice
An Dr Katharina Swirak	An Roinn Socheolaíochta agus Coireolaíochta
An Dr Sharon Lambert agus an Dr Angela Veale	Scoil na Síceolaíochta Feidhmí

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT CHÓNASCTHA

Taighde agus Nuálaíocht Chónasctha

Mórcheapachán
Ceapadh an tOllamh John F. Cryan mar Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta i mí an Mhárta 2021. Néareolaí is ea an tOllamh Cryan agus tá dea-theist air mar cheannaire domhanda i réimse na n-idirghníomhaíochtaí putóige-inchinne. De bhua a chuid taighde in APC Micribhithóm Éireann, Ionad Taighde de chuid an SFI in COC, liostáladh an tOllamh Cryan le déanaí i measc an aoin faoin gcéad is fearr de thaighdeoirí a ndéantar tagairt dá chuid saothair den chúigiú huair a chéile.

Ioncam Taighde
Sheas ioncam taighde na bliana acadúla 2020/2021 ag €95 milliún. Conair phróifíle dhearfach atá ann le 10 mbliana anuas has agus méadú de 21% i gcaitheamh na tréimhse, rud a sháraionn an sprioc a bhí i bPlean Straitéiseach 2017-2022. Ón mbliain 2005, d'éirigh le taighdeoirí COC níos mó ná€1.4 billiún a fháil ó infheistíocht maoinithe taighde

Tar éis raon leathan nua de thacaíochtaí agus beartais tacaíochta a fhorbairt agus a fheidhmiú, faigheann COC 32% dá chuid ioncaim taighde ó fhoinsí nach dtagann ón Státchiste, ón Eoraip agus ó thionsclaíocht go príomha. Seo an sciar is airde riamh a gnóthaíodh ó fhoinsí nach dtagann ón Státchiste agus seasann amhlaidh do mhéadú suntasach de níos mó ná 12% laistigh de 10 mbliana.

€95 milliún
Ioncam Taighde

***Horizon* 2020**
2020/2021 na blianta deireanacha den chlár maoinithe Eorpach seo darb ainm Horizon 2020 a bhí ríthábhachtach maidir le gníomhaíocht taighde a chur chun cinn. Le linn seacht mbliana an chláir mhaoinithe fhíorthábhachtaigh seo, ghnóthaigh taighdeoirí COC níos mó ná €118 milliún mar infheistíocht ó 237 dámhachtain. Léiríonn seo mórghaiscí phobal taighde na hollscoile mar nach beag an sárú a deineadh ar sprioc uaillmhianach na hollscoile chun €110 milliún a ghnóthú mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Horizon 2020 de chuid na hollscoile. Ba léir an rath ó thaobh na hiomaíochta de a bhí ar an maoiniú a gnóthaíodh ó chláir mhaoinithe an AE i dtáblaí Rangaithe Taighde na hEorpa - sa bhliain 2020, mar ar rangaíodh COC sa 33ú háit as na céadta institiúidí ar fud na hEorpa agus é ar an institiúid is fearr as na hinstitidúidí Éireannacha.

5,026 **compháirtíocht le heintitis taighde in 140 tír**

Comhairle Taighde na hEorpa
Ó bunaíodh í sa bhliain 2007, tá dea-theist ar chláir mhaoinithe Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) ar fud an domhain agus na hEorpa mar shlat tomhais de shárthaighde. D'fhonn feabhas a chur ar dhul chun cinn COC i nglaonna maoinithe an ERC, chuir COC Straitéis Feabhsaithe agus Plean Tacaíochta an ERC i ngníomh sa bhliain 2002 agus ó shin i leith ábhar misnigh an dul chun cinn atá déanta i gcláir de chuid an ERC.

I mí na Nollag 2020, d'éirigh níos fearr ná riamh leis an ollscoil i nglaoch maoinithe an ERC agus ghnóthaigh sí trí Dhámhachtain Chomhdhlúthaithe dar luach €6.4 milliún. Ba iad seo thíos na tionscadail taighde:

An tOllamh Maria McNamara (An Scoil Eolaíochtaí Bitheolaíocha, Domhain agus Comhshaoil, an Institiúid Taighde Comhshaoil) - díreofar sa taighde seo ar éabhlóid mór-bhithmhóilíní (ar nós meilinine, ceiritine agus collaigine) in ainmhithe, agus chun tuiscint a fháil an an gcaomhnú is fearr is féidir a dhéanamh ar na bithmhóilíní seo in iontaisí.

Tá seo ar an dara dámhachtain a ghnóthaigh an tOllamh McNamara. An Dr Pádraig Cantillon-Murphy (Scoil na hInnealtóireachta, Institiúid Náisiúnta Tyndall) - tá sé i gceist ag an taighde seo a bheith mar chúnamh do mháinlianna uirlisí a threorú nuair nach bhfuil siad le feiceáil ag ceamara gan x-ghathanna dochracha a úsáid.

Comhoibríonn taighdeoirí COC le 5,026 meitheal taighde i 140 tír a dhéanann níos mó ná 9,500 foilseachán a eisiúint.

Foilseacháin Taighde
Leagtar béim i bplean straitéiseach taighde agus nuálaíochta na hollscoile ar fheabhas agus tionchar fhoilseacháin taighde na hollscoile. Leagtar tiomantais amach sa phlean straitéiseach do thacú pobal taighde na hollscoile agus iad ar thóir na sáracadúlachta, ag tabhairt aitheantais d'fhoilseacháin a imríonn an-tionchar agus feabhas taighde sna disciplíní go léir.

Baintear úsaid as príomh-mhéadracht de ghníomhaíocht taighde na hollscoile chun feabhas agus tionchar a mheas ach an méid tagairtí a dhéantar dár gcuid foilseachán taighde. An Léirigh dul chun cinn na hollscoile ina leith seo san fhógra ón *Times Higher Education (THE) World University Ranking* thug le fios go raibh COC ar an ollscoil cheannródaíoch in Éirinn ó thaobh thionchar na dtagairtí de agus é tomhaiste ag dul chun cinn na dtagairtí.

COVID-19
Ó thús phaindéim COVID-19, tá taighdeoirí COC tar éis a gcuid saineolais taighde a chur in oiriúint chun díriú ar an iliomad dúshlán a bhaineann le paindéim COVID-19.

Ach in ainneoin an ról lárnach a d'imir taighdeoirí COC in iarrachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an lámh in uachtar a fháil ar COVID-19, bhí mórchuid saotharlann, saoráidí taighde, cartlann agus suíomhanna lasmuigh nach rabhthas in ann teacht orthu le linn na n-orduithe dianghlasála, agus ba mhór an cur isteach é do roinnt mhaith taighdeoirí ar mhaithe lena gcuid tionscadal agus staidéar a chur i gcrích.

Mar thaca le taighdeoirí a ndeachaigh an phaindéim i bhfeidhm orthu, agus maoiniú á úsáid a bhí curtha ar fáil ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), rinne Taighde COC 427 dámhachtain a bhronnadh ar thaighdeoirí COC a bhí i bhfíor-chruachás dar luach nach mór €6.3 milliún ar an iomlán.

D'imir an maoiniú seo dea-thionchar ar na taighdeoirí agus ar na taighdeoirí luathghairme ar chuir an phaindéim isteach go mór ar a gcuid oibre.

Dámhachtainí Taighde COC 2020
Gníomhaíocht ríthábhachtach ná aitheantas a thabhairt do ghaiscí taighde phobal COC agus leagtar béim ar leith air i bPlean Straitéiseach Taighde agus Nuálaíochta COC.

Ag searmanas ar líne, léirigh COC ómós do bhaill foirne as an obair atá déanta acu ar leas na hollscoile lena n-áirítear misean taighde na hinstitiúide a chur chun cinn. D'aithin Dámhachtainí Taighde 2020 barr feabhais i ngíomhaíocht taighde i ndeich gcatagóir.

40 comhlacht

450 post

€50 milliún

Dámhachtain Taighde	
Foilseachán na Bliana ina raibh Mac Léinn Fochéime mar Údar	**Rachel McCarthy**, na Daonnachtaí Digiteacha, CACSS **Patrick O'Toole,** na Daonnachtaí Digiteacha, CACSS
Cultúr um Iompar Freagrach Taighde a Chruthú	**Elizabeth Kiely,** Scoil na Síceolaíochta Feidhmí, CACSS **Liz Hales,** Eolaíochtaí Sóisialta agus Seirbhísí Tacaíochta COC
Luath-Thaighdeoir na Bliana	An **Dr Gillian Murphy,** Scoil na Síceolaíochta Feidhmí, CACSS **Giovanni Pietro Vitali**, Roinn na hIodáilise, An Scoil Teagnacha, Litríochtaí agus Cultúr, CACSS
Taighdeoir Oscailte na Bliana	**James Louis Smith**, Scoil an Bhéarla agus an nDaonnachtaí Digiteacha, CACSS
Cumarsáidí Taighde na Bliana	**Alan Kelly**, Scoil na nEolaíochtaí Bia agus Cothaitheacha, SEFS
Maoirseoir Taighde na Bliana	**Paul Hurley**, Institiúid Náisiúta Tyndall **Silvia Ross**, Roinn na hIodáilise, An Scoil Teagnacha, Litríochtaí agus Cultúr, CACSS
Duine Tacaíochta Taighde na Bliana	**Eileen Hurley,** Institiúid Náisiúta Tyndall
Foireann Taighde na Bliana	**Ionad Taighde um Eacnamaíocht Spásúil agus Réigiúnach**, Coláiste an Ghnó agus an Dlí
Taighdeoir na Bliana	**Claire Connolly,** Scoil an Bhéarla agus an nDaonnachtaí Digiteacha, CACSS
Gradam Taighde Gaisce Gairme	**Colin Hill** - Scoil na Micribhitheolaíochta, SEFS, and APC Micribhithóm Éireann Microbiome Ireland

Suirbhé ar Dul Chun Cinn Láidir in Aistriú Eolais
D'fhoilsigh Aistriú Eolais Éireann a Shuirbhé Bliantúil ar Aistriú Eolais (AKTS) i mí Mheán Fómhair 2020. Léirítear sa tuairisc seo **AKTS 2020** go raibh bliain rathúil eile ar an aistriú eolais a bhuí le taighde a deineadh in COC. Bhí méadracht nuálaíochta na hollscoile sa chéad dá áit maidir leis an gcuid ba mhó de na mórbhearta.

Bhí COC chun tosaigh in Éirinn maidir le comhaontuithe ceadúnais, roghanna agus sannacháin (LOA) le tionsclaíocht agus 30 LOA gnóthaithe aige inar aistrigh Maoin Intleachtúil agus fios gnó COC go dtí an réimse tráchtála. Tá an líon is airde LOAnna déanta ag COC ná ag aon institiúid ardoideachais eile in Éirinn ón mbliain 2017 ar aghaidh. Bhí COC freagrach as 44% d'ioncam ceadúnais as measc na n-ollscoileanna Éireannacha go léir.

Mac-Chuideachtaí COC Seolta
An bhliain seo, seoladh **BioPixS**, bunaithe ar thaighde na bithfhótónaice in Institiúid Náisiúnta Tyndall, mar mhac-chuideachta de chuid COC. Is go nuálach a chruthaíonn BioPixS taibhsí a dhéanann aithris ar fhíocháin mar aon le modhanna caighdeánaithe le haghaidh feidhmeanna bithfótónaice chun freastal ar an mór-éileamh ar mhodheolaíochtaí cliniciúla a bhailíochtú, forbairt algartam, tástáil, aicmiú, uirlisí a chalabrú, agus caighdeánú na bprótacal agus na ngléas.

Tá **Liltoda** ina mhac-chuideachta nua de chuid COC a thráchtálann teicneolaíocht CogniTOT™ atá forbartha ag ionad taighde INFANT de chuid COC. Modheolaíocht chun measúnú cognaíoch nuabheirthe a dhéanamh is ea CogniTOT™ ina mbaintear úsáid as sonraí aschuir páistí agus iad ag plé le haip scáileáin tadhaill (*BabyScreen*) chun próifíl chognáioch an pháiste a sholáthar.

Tá an mac-chuideachta nua Stimul.ai ag dul i ngleic le ceist na liostaí feithimh sna hospidéil a ndéantar trácht go minic orthu sa nuacht.

Bunaithe ar thaighde atá déanta ag Ionad Léargais um Anailísíocht Sonraí de chuid an SFT agus ag an Scoil Eolaíochta Ríomhaireachta agus TF in COC, tá Stimul.ai tar éis ardán a fhorbairt atá bunaithe ar SaaS a chuireann ar chumas na n-ospidéal cinntí pleanála níos fearr a dhéanamh maidir le cúrsaí spáis ach deimhin a dhéanamh de go bhfuil clinicí agus ranna deartha chun an éifeachtúlacht is fearr a bhaint amach.

Gorlann Ghnó GatewayUCC
Mol Gnó GatewayUCC Rinne roinnt cliant dul chun cinn in **GatewayUCC** agus scálú agus earcaíocht déanta acu, in ainneoin COVID-19.

Bhog **Altratech** Teo go dtí saoráidí níos mó, agus iad tar éis fás ó cheithre post ar dtús go dtí 25 post. Tá forbairt á déanamh ag an gcuideachta seo ar aimsiú móilíneach nua-aimseartha maidir le galair thógálach a aimsiú ag pointe tosaigh an chúraim. Cuireann ***Steam Education*** cláir oideachais nuálacha agus phraiticiúla sna hábhair STEAM ar fáil do bhunscoileanna. Bhí gá acu le saoráidí nua agus deichniúr fostaithe anois acu. Mheall GatewayUCC cuideachtaí nua mar chliaint – **Seqbiome** Teo agus **Ribomaps** Teo. Is céimithe iad seo de chlár Luasaire SPRINT, mar aon le **UrAbility** agus **Perkforce** – a thacaíonn 20 post nua eatarthu. Chuige seo, tá tacaíocht tugtha ag GatewayUCC do níos mó ná 40 cuideachta a bhfuil 450 post cruthaithe acu agus maoiniú idir phríobháideach agus phoiblí de €50 tiomsaithe acu.

Chuige seo, tá tacaíocht tugtha ag *GatewayUCC* do níos mó ná 40 cuideachta a bhfuil 450 post cruthaithe acu agus maoiniú idir phríobháideach agus phoiblí de €50 tiomsaithe acu.



Clár Luasaire SPRINT
Lean SPRINT, a chabhraíon le taighdeoirí mac-chuideachtaí a chruthú, ar aghaidh ar líne le linn phaindéim COVID-19. Ghlac fiche taighdeoir ar fud COC i gclár 2021 ó Tyndall, APC Micribhithóm Éireann, INFANT, INSIGHT, MaREI, ERI, IPIC agus Teagasc. Is é 70 líon na dtaighdeoirí anois a bhfuil an clár déanta acu le linn na gcúig bliana ó forbraíodh é.
I gclár 2021, cuireadh 35 modúl ar fáil mar gheall ar mhac-chuideachta a fhorbairt, rud a chothaíonn agus a thacaíonn le Príomhoifigigh Feidhmiúcháin nua na mac-chuideachtaí agus le baill na foirne ceannaireachta i bpíblíne mac-chuideachtaí in COC.

Clár IGNITE
Thacaigh IGNITE le 22 céimí nua an bhliain seo agus iad ag iarraidh smaointe faoi 19 comhlacht nuathionscanta a thráchtálú agus Clár Nuálaíochta Gnó do Chéimithe curtha ar fáil acu.

Reáchtáladh Dámhachtainí IGNITE agus imeachtaí taispeántais i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus i mí Aibreáin 2021.

Ba é Mark O'Sullivan, (PhD Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice) a chuir Neurobell chun cinn, a bhuaigh Gradam don Ghó is Fearr ó Bhanc na hÉireann/IGNITE i bhFómhar na bliana 2020 agus Patrick O'Regan (BA Béarla agus Stair) a bhuaigh an gradam in Earrach na bliana 2021 as *Reach the Top*.

Ar bhuaicphointí Alumni IGNITE in 2020/2021 bhí:

- Bhí an Dr Fiona Edwards Murphy (PhD in Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice), atá mar bhunaitheoir de ApisProtect, ainmnithe ar Liosta Forbes de dhaoine faoi 30 sa Eoraip.
- Shroich Marion Cantillon (Bsc i Margaíocht Bhia agus Fiontraíocht) an chraobh sa chomórtas le haghaidh Fhiontraí na Bliana de chuid Fhiontraíocht Éireann.

Comhairliúchán COC
Bunaíodh Comhairliúchán COC sa bhliain 2019 a bhuí le maoiniú píolótach ó Fhiontraíocht Éireann chun seirbhísí comhlairliúcháin a leabú in COC. D'fhás an t-aonad seo i gcónaí agus nach mór a dhá oiread gníomhaíochtaí comhairliúcháin ar siúl aige don dara bliain as a chéile. Sa tréimhse 2020/2021, thacaigh Comhairliúchán COC le 41 comhaontú comhairliúcháin sa tréimhse, rud a chruthaigh thart ar €480,000 mar tháillí/ioncam conarthaí.

Ó bunaíodh é, tá suas le €800,000 tiomsaithe ag Comhairliúchán COC don ollscoil, agus sruthanna ioncaim éagsúla á gcur ar fáil aige do scoileanna, ranna agus coláistí. Thacaigh sé le caidreamh comhairliúcháin le raon leathan eagraíochtaí na hearnála príobháidí, poiblí agus deonaí agus chuir sé leis an gcomhoibriú le cuideachtaí ilnáisiúnta, FBManna agus ranna an rialtais.

€800K **luach measta na gconarthaí**



EISPÉIREAS

NA MAC LÉINN CÓNASCTHA

Clár um Aistriú Isteach do Mhic Léinn Idirnáisiúnta
Le linn na bliana seo leis, cruthaíodh an clár ar líne nua '**Clár um Aistriú** Isteach' dírithe ar mhic léinn idirnáisiúnta mar fhreagra ar COVID-19.
Dearadh an clár seo chun an eolas a roinnt le mic léinn idirnáisiúnta le cinntiú go mbeadh baint acu leis an ollscoil agus go mbraithidís an nasc léi tar éis dóibh teacht go Corcaigh. Cuireadh ar fáil do mhic léinn an chláir seo an t-ábhar riachtanach mar gheall ar gach gné dá n-aistriú go dtí saol na hollscoile roimh dóibh teacht agus le linn na chéad coícíse ar chaith siad anseo nuair a bhí srian ar a gcuid gluaiseachtaí, comhairle sláinte poiblí san áireamh mar aon le tráthchlár 14 lá ina raibh gnéithe acadúla agus eile ar fáil.

Laethanta Oscailte Fíorúla
Den chéad uair riamh d'óstáil COC Lá Oscailte Fíorúil d'Fhochéimithe le haghaidh mac léinn fochéime a reáchtáladh le linn dhá la i mí na Nollag 2020. Chruthaigh an ollscoil bogearraí a chinntigh go raibh eispéireas fíorúil den scoth ar fáil inar léiríodh an ollscoil mar eiseamláir dhigiteach. Chláraigh thart ar 5,000 le haghaidh an imeachta seo agus tugadh 3,000 cuairt ar leith ar an gcúrsa le linn an dá lá.

Reáchtáladh Taispeántas Fíorúil do Mhic Léinn Iarchéime i mí Feabhra 2021 agus cuir mórchuid mac léinn iarchéime ionchasacha spéis ann.

5,000 **cuairteoir a chláraigh do Lá Oscailte Fochéime Fíorúil de chuid COC**

Clár Thréithe an Chéimí
I mí na Samhna 2020, **seoladh tionscadal** comhpháirtíochta idir *Microsoft* agus COC. Táthar ag baint lánúsáid as cumhacht na foghlama ar Microsoft Teams agus LinkedIn sa tionscadal seo chun tacú le mic léinn i mbliain dheireanach nó leathdheireanach na céime chun scileanna agus gnéithe a fhorbairt le haghaidh an tsaoil oibre.

I mí an Mhárta 2021, sheol an ollscoil **Clár um Chothú Todhchaíochtaí Iontacha**. Forbartha ag Clár Thréithe an Chéimí(GAP), is cúrsa nua ar líne é seo do mhic léinn dara leibhéal sa timthriall shinsearach mar chabhair dóibh agus iad ag teacht chun na hollscoile.

Tá uirlisí ann chun féinmhachnamh a dhéanamh a chabhraíonn leis na scoláirí seo an phleanáil chuí a dhéanamh roimh theacht go COC dóibh i dtreo is go mbeidh siad ullmhaithe i gceart. Tá sé deartha chun eolas a sholáthar, chun comhrá a spreagadh le daoine tábhachta i saol na scoláirí agus chun iad a chur ag machnamh ar bhonn struchtúrtha ionas gur féidir leo dul i gcomhairle i gceart agus cinntí a dhéanamh agus an t-eolas ar fad acu mar gheall ar a gcuid roghanna tar éis na meanscoile.

D'fhorbair GAP uirlis nua féinmheasúnaithe leis dar teideal '*Your Graduate Attributes and Values Compass*'. Tá an uirlis oiriúnach seo deartha chun tacú le mic leinn agus iad ag machnamh ar a gcuid forbartha iomlánaíche, ach úsáid á baint acu as an gcuraclam foirmiúil agus as an iliomad slite inar féidir le mic léinn fás agus forbairt in COC.

Clár Quercus na Mac Léinn Cumasach
In 2020/2021 bhí 15 Scoláire **Quercus** ann: cúigear Scoláirí Acadúla, seisear Scoláirí Spóirt, Scoláire Nuálaíochta agus Fiontraíochta amháin agus triúr Scoláirí Taibhealaíon.

Bhí an-bhliain i gceist agus dhein idir mhic léinn agus alumni de chuid COC gaisce stairiúil ag na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha i dTóiceo mar ar chuir siad go mór le dea-theist na hÉireann. Tá Scoláireachtaí Quercus á mbronnadh ar na mic léinn seo go léir agus ní hamháin gur féidir leo dul san iomaíocht ag an leibhéal idirnáisiúnta is fearr ina gcuid spóirt fein ach is féidir leo tabhairt faoina gcuid céimeanna ar leith. Bhuaigh an mac léinn ar Chlár Iontrála an Leighis, Paul O'Donovan, an chéad bhonn óir rámhaíochta ar son na hÉireann i gcomórtas céaslaire beirte na bhfear éadrom-mheáchain agus é in éineacht le Fintan McCarthy, céimí de chuid COC. Bhí Emily Hegarty, mac léinn na n-eolaíochta bitheacha agus ceimice, ar an bhfoireann de cheathrar ban a bhuaigh boinn chré-umha. Bhí céimí de chuid COC, Aifric Keogh, mar bhall den chriú a bhain éacht stairiúil amach nuair a bhuaigh siad an chéad bhonn rámhaíochta ban ar son na hÉireann mar aon le bonn na chéad foirne ban Éireannach. Thar ceann an hÉireann a bhí an scoláire Quercus agus mac léinn teirpe saothair, Mary Fitzgerald, a tháinig sa séú háit sa chomórtas caite meáchain F 40.

Dámhachtainí Oideachais 2021
Bhuaigh COC ceithre ghradam ag Dámhachtainí Oideachais 2021:

- An Campas Glas is Fearr
- An Campas is Fearr do Mhic Léinn
- Eispéireas na Mac Léinn is Fearr
- Gradam Iomlán um Fheabhas san Oideachas

Aithníonn na gradaim seo barr feabhais in earnáil an oideachais tríú leibhéal ar oileán na hÉireann in institúidí arna maoiniú ag an Stát agus ar bhonn príobháideach araon. Spreagann siad é agus déanann siad é a cheiliúradh. The award categories highlight the Léiríonn catagóirí na ndámhachtainí na príomhréimsí a théann i bhfeidhm ar dhul chun cinn na mac léinn agus tapaíonn siad deiseanna d'institiúidí oideachais go n-aithneofaí a gcuid éachtaí sna gnéithe éagsúla dá gcuid oibre.

Rochtain agus Rannpháirtíocht
Trí Chosáin Rochtana a tháinig , 23% de mhic léinn na chéad bhliana de chuid an CAO isteach sa bhliain 2020/2020:

Bealach na Mac Léinn Lánfhásta	234
Bealach DARE	246
Bealach HEAR	184
QQI	231
Iontógáil Iomlán Rochtana	895
Iontógáil Iomlán COC AE CAO	3,892
Rochtain %	23%

23% **de mhic léinn na chéad bhliana a tháinig ar chosáin rochtana**

Mic Léinn Rochtana agus Rannpháirtíochta mar chuid de Chlár Faisnéise RTÉ
I mí na Samhna, bhí beirt mhac léinn COC, Chrisdina O'Neill agus Denise Kelleher páirteach i gclár faisnéise ar RTÉ a phléigh lena dturais go dtí an t-oideachas tríú leibhéal a bhí ar chlár Rochtain agus Rannpháirtíocht COC. ***My Uni Life*** Sraith de chúig chlár is ea a chruthaigh RTÉ i gcomhar le Cumann Ollscoileanna Éireann, mar gheall ar shaol seachtar mac léinn ag pointí éagsúla ar a dturais ollscoile.

Seirbhísí na nGairmeacha
Is ar líne a bhí an chuid ba mhó den obair ag Seirbhísí na nGairmeacha i mbliana. Chuir na nósanna digiteacha le méid na seirbhísí a cuireadh ar fáil do phobal na mac léinn, a chuimsigh seimineáir ghréasáin ar líne, ceardlanna aonair agus do ghrúpaí, imeachtaí fíorúla, ceardlanna ó fhostóirí, ábhar taifeadta faoi ghairmeacha beatha ar mhaithe leis na mic léinn. Is iad seo leanas príomh-bhuaicphointí na bliana:

Reáchtálach an chéad Aonach Earcaíochta Fíorúil, mar a raibh 100 fostóir Éireannach a fhostaíonn cuid mhaith céimithe. Chláraigh 1,954 idir mhic léinn agus chéimithe nua chun freastal air. Bhí an-chaidreamh ann agus tharla níos mó ná 6,000 comhrá duine le duine idir fostóirí agus na daoine a d'fhreastail. Fógraíodh suas le 200 intéirneacht fochéime, cláir iarchéime agus postanna beo ar an ardán agus rinneadh 832 iarratas. Bhog imeachtaí caidrimh le Fostóirí ar líne, agus d'éascaigh Seirbhís na nGairmeacha seimineáir ghréasáin agus seisiúin scileanna do 27 comhpháirtí tionsclaíochta tar éis an Aonaigh Earcaíochta bhliantúla.

Forbraíodh tairseach lárnach do mhic léinn i dtaca le deiseanna socrúchán dar teideal 'InPlace'. Bhí dlúthbhaint ag an gcomhpháirtíocht idir Seirbhísí na nGairmeacha agus fostóirí chun agallaimh ar líne a éascú chun socrúcháin oibre le haghaidh mac léinn a fháil i mbliana.
Cuireadh an bunachar sonraí GoinGlobal ar fáil do mhic léinn agus do chéimithe nua uile tríd an deais *Careers Connect*. Cuireann *GoinGlobal* rochtain ar fáil ar níos móna 16 milliún post agus intéirneacht ar fud an domhain mar aon le treoracha gairmeaha, comhairle i dtaca le cleachtais fostaithe agus eolas ar rialacháin a bhaineann le ceadúnais nó víosaí oibre.

Reáchtáladh an searmanas fíorúil Dámhachtain Saothar COC i mí Aibreáin 2021. Dáileadh 430 gradam agus suaitheantas digiteach ar mhic léinn ag bhí páirteach sna ceithre chosán. Logáil rannpháirtithe na bliana seo thart ar 17,040 in uaireanta deonacha.

Meabhairshláinte na Mac Léinn
I mbliana, cuireadh €270,000 ar fáil don ollscoil chun tacú le meabhairshláinte agus folláine na mac léinn mar chuid de phacáiste náisiúnta dar luach €5 mhilliún. Baineadh leas as an maoiniú seo chun tacú le mic léinn agus iad ag filleadh ar COC, chun breis comhairleoirí agus síceolaithe cúnta do mhic léinn a earcú agus chun Creat um Meabhairshláinte agus Féinmharú a Chosc i measc Mac Léinn a chur i bhfeidhm chomh maith leis an gCreat um Thoiliú in Institiúidí Ardoideachais.

Comhairleoireacht agus Forbairt na Mac Léinn
Rinnne Comhairleoireacht agus Forbairt na Mac Léinn gach iarracht chun seirbhís leanúnach a chinntiú faoi réir ag teoirlínte COVID-19 de chuid an rialtais. Cuireadh seirbhísí comhairleoireachta gutháin agus ar líne ar fáil do mhic léinn le linn na bliana. Rinneadh athdhearadh ar an bhfrámaíocht agus cur chuige céimnithe ar fáil anois, agus freastal cuí á dhéanamh ar an éileamh atá aitheanta. Cheannaigh an ollscoil bogearraí Sláinte ***SilverCloud*** an bhliain seo, ceannaire iontaofa i meabhairhsláinte dhigiteach ag obair le hinstitiúidí ardoideachais chun torthaí a fheabhsú ar chostais laghdaithe. Beidh tacaíochtaí digiteacha le Comhairleoireachg agus



€270,000 **chun tacú le meabhairshláinte na mac léinn**

Forbairt na Mac Léinn agus le Sláinte na Mac Léinn ar fáil i gcláir maidir le raon leathan fadhbanna meabhairshláinte ag an tríú leibhéal idir mhodúil tacaíochta agus mhodúil gan tacaíocht.

Cumainn na Mac Léinn
Mar fhreagra ar COVID-19 reáchtáladh níos mó ná 2,000 imeacht fíorúil de chuid na gcumann an bhliain seo, rud a chinntigh go raibh teagmháil ag mic léinn COC lena chéile agus iad ag tabhair faon gcianstaidéar. Bliain rathúil eile ab ea í do Chumann COC ag Dámhachtainí Gaisce Aontas na Mac Léinn in Éirinn. Bhuaigh Cumann Taighde Leighis agus Teicneolaíochta COC an Club/Cumann is Fearr agus bhuaigh Cumann Ailse COC gradam as an gCarthanacht is Fearr. Mar fhocal scoir, i mí Aibreáin na bliana seo, cuireadh críoch luath le Plean Straitéiseach Chumainn COC.

Aontas na Mac Léinn
An bhliain seo d'oibrigh Aontas na Mac Léinn go dian le Foireann Bainistíochta na hOllscoile chun deimhin a dhéanamh de go mbeadh guth na mac léinn le clos i dtaobh na foghlama agus an teagasic chomh maith le leagan amach na measúnuithe.

2,000 **imeacht fíorúil de chuid na gcumann mar fhreagra ar COVID-19**

D'eagraigh Aontas na Mac Léinn Foirne Tacaíochta Sábháilteachta COVID (CSS) ar a bhfuil mic léinn atá ag obair anseo. Rinne na foirne seo maoirseacht ar an leabharlann, Cistin an Champais agus spásanna poiblí roinnte eile ar an gcampas chun a chinntiú go gcloifí le bearta sábhailteachta COVID-19 uile. A bhuí leis an tionscnamh seo, bhí mic léinn in ann leanúint ar aghaidh lena saol staidéir agus sóisialta

DAOINE
CÓNASCTHA

Cuid riachtanach de seo ab ea na tionscnaimh folláine seo agus iad mar threoir do COC le linn na tréimhse fíorchasta seo.

Folláine agus Forbairt na Foirne
Mar fhreagra ar na hacainíocha ar fhorbairt scileanna agus eolais, bunaíodh gréasán Caifé Fhíorúil le linn na bliana. Do bhí an Caifé seo, a chruthaigh naisc idir piaraí, mar chabhair chun an t-uaigneas a laghdú a bhí ar chuid dár gcomghleacaithe agus iad ag obair le linn na paindéime. Ghlac níos mó ná 117 ball foirne páirt sa ghréasán go dtí seo.

Supports for New Staff
Initiatives to support new staff included:

- Reáchtáil HR seisiúin oiliúna rialta ar líne le linn an ordaithe dianghlasála.
- Gréasáin Phiarthacaíochta do bhaill foirne Grúpaí beaga iad seo ina bhfuil thar ar chúigear ball foirne nua a thagann le cheile go rialta chun foghlaim sa láthair oibre a chothú.
- I gcomhar he hIonad na gCuairteoirí, COC, reáchtáladh turais timpeall an champais do bhaill foirne nua.

Gradam um Fheabhas Taighde na nAcmhainní Daonna
D'éirigh le COC an Gradam um Fheabhas Taighde na nAcmhainní Daonna a athnuachan don dara huair i mí Eanáir 2021 agus tá sé ar an ollscoil is fearr in Éirinn sa phróiseas seo.

Clár Odaisé COC
Luaigh an tOllamh Leonard Cassuto **Clár Odaisé COCO** i mbliana sa *Chronicle of Higher Education* mar mhodh an dea-chleachtais is fearr ar chóir a aithris in ollscoileanna Meiriceánacha. Cuireann an clár ar chumas taighdeoirí agus mhic léinn PhD na bliana deireanaí in COC oiriúnú, comhtháthú agus leathanú a dhéanamh ar a gcuid taighde d'fhonn ullmhú le haghaidh roghanna gairme éagsúla.

Buaiteoir na Dámhachtana um Fheabhas Taighde in 2021

Dámhachtainí Aitheantais Fhoireann na hOllscoile
Léiríonn Dámhachtainí 2020/2021 archdaighdeán suntasach na foirne ar fud COC agus an t-ardmheas atá ag na comghleacaithe orthu siúd a d'aimnigh siad.

Ainm	Scoil/Roinn/Aonad/Ionad/Taighde	Gradam
An Dr Angela Flynn	An Scoil Altranais agus Cnáimhseachais	*The Frank McGrath Perpetual Award for Equality & Welfare*
An tUas Colette Cunningham	Scoil na Sláinte Poiblí	Gradam Tionchair
An Dr Claire Edwards	Scoil na Staidéar Sóisialta Feidhmeach	Gradam Ceannaireachta
An tUas Eoin Hahessy	Oifig na Margaíochta agus na Cumarsáide	Gradam Ceannaireachta
An Dr Amanullah De Sondy	An Roinn um Staidéar ar Reiligiúin	Gradam an tSár-Shaoránaigh
Foireann Oibríochtaí na Seirbhísí Ginearálta	Foirgnimh agus Eastáit	Gradam an tSár-Shaoránaigh
Tionscnamh Faisnéise Dlíthiúla na hÉireann	Scoil an Dlí	Gradam um Fheabhsú Eispéireas na Mac Léinn
Pobal Alumni na hIndia in COC	Alumni agus Forbairt	Gradam um Fheabhsú Eispéireas na Mac Léinn
An Dr Michael Byrne	Sláinte na Mac Léinn	Gradam an tSár-Chomhghleacaí
An tUas Margaret Coakley	Staidéir Iarchéime	Gradam an tSár-Chomhghleacaí
An Dr Eithne Hunt	An Roinn Eolaíochta Saothair agus Teiripe Saothair	Gradam an tSár-Chomhghleacaí
An tUas Allen Whitaker	An Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhainchórais agus Comhshaoil	Gradam an tSár-Chomhghleacaí



CAMPAS
CÓNASCTHA

Seirbhísí Theicneolaíocht na Faisnéise
Ba é an príomhthasc a bhí ar na Seirbhísí TF sa bhliain acadúil seo deimhin a dhéanamh de gur lean an ollscoil de bhieth ag feidhmiú go rathúil agus í ar line le linn shrianta COVID-19. Díríodh go háirithe ar an gcumas chun tacú le seirbhísí agus gníomhaíochtaí acadúla ar líne.

Ar an meán le linn na tréimhse seo, tugadh €1.4 milliún cuairt in aghaidh an lae ar *Canvas*, ardán foghlama fíorúil na hollscoile. Díríodh chomh maith ar láthair oibre dhigiteach a thógáil le haghaidh na cianoibre agus chuathas i mbun tionscadal le comhghleacaithe ar fud na hollscoile. A bhuí le foireann na Seirbhísí TF go raibh rath air seo.

Ar deireadh, ullmhaíodh *Máistirphlean Digiteach na hOllscoile* nua le seoladh in 2021/2022 a bhfuil an t-aistriú straitéiseach seo mar fhócas aige.

1.4 milliún
cuairt ar leathanaigh de chuid Canvas le linn shrianta COVID-19

Leabharlann Boole
Leag an leabharlann an bhéim i gcónaí ar sheirbhísí, idir fhisiciúla agus dhigiteacha, a chur ar fáil do mhic léinn agus baill foirne mar thaca lena gcuid foghlama, teagaisc agus taighde. D'ainneoin gur tharla srianta sláinte poiblí an athuair in mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí an leabharlann ar oscailt ach teorainn ar mhéid na gcuairteoirí agus iad faoi réir ag bearta costanta cuí lena n-áitear réamháirithintí, scaradh sóisialta agus cumhdaigh aghaidhe éigeantacha. Mar thoradh ar fheabhsú na seirbhísí ar líne cinntíodh go raibh eispéireas cothrom ag na mic léinn agus na réitigh nuálacha seo á gcur i bhfeidhm chun an leibhéal seirbhísí a choimeád le linn na bliana seo.

Uaireanta Oscailte Breise
Tar éis samhail soláthair foirne nua a chur i bhfeidhm, cuireann an leabharlann uaireanta seirbhíse breise ar fáil chun sochair phobal uile na hollscoile.

Leabhar Leasa Móir
Díol suntais ar bhonn idirnáisiúnta don ollscoil ab ea an bhliain acadúil seo agus Leabhar Leasa Móirceannaithe aici. Beidh seo ar taispéaint in Áiléar na gCistí. Áirítear Leabhar Leasa Móir i measc mhórleabhair na hÉireann agus bronnadh ar COC a bhuí le Diúc Devonshire, a theaghlach, agus Iontaobhaithe Shocraíocht Chatsworth. Tá sé ar cheann de na seoda is luachmhaire i mbailiúchán leabharlann COC anois. Cuireadh fáilte roimh Leabhar Leasa Móir go dtí COC ag imeacht ar líne go déanach i mí Dheireadh Fómhair.

The Coastal Atlas of Ireland **buaiteoir Leabhar na Bliana 2020 i gcatagóir na Leabhar Neamh-Fhicsin**

Cló Ollscoile Chorcaí
D'fhoilsigh Cló Ollscoile Chorcaí sé leabhar déag i mbliana. Na trí fhoilseachán is mó cáil do 2020/2021 ab ea:

1. ***The Coastal Atlas of Ireland*** **(arna chur in eagar ag Robert Devoy, Val Cummins, Barry Brunt, Darius Bartlett agus Sarah Kandrot)**
   Buaiteoir an Ghradaim um Leabhar na Bliana sa chatagóir neamhfhicsean a foilsíodh in Éirinn sa bhliain 2020. Deineann *The Coastal Atlas of Ireland* ceiliúradh ar an gcósta agus an fharraige timpeall na hÉireann.

2. ***Irish Country Furniture and Furnishings 1700-2000*** **(Claudia Kinmonth)**
   Déanann an mórstaidéar maisithe seo iniúchadh ar throscán na dtithe feirme agus cabán ar fud fad oileán na hÉireann. Cuireann sé lenár gcuid eolais ar stair chultúrtha na hÉireann mar aon le stair throscán.

3. ***Atlas of the Irish Revolution*** **(arna chur in eagar ag John Crowley, Donal Ó Drisceoil, Mike Murphy agus John Borgonovo)**
   Bhauigh *Atlas of the Irish Revolution Leabhar Éireannach* na Bliana 2017 agus is foilseachán ceannródaíodh é ina gcuirtear ar fáil ar bhonn inrochtana an scoláireacht ar thréimhse na réabhlóide. Cuireann sé beocht sa stair do léitheoirí agus mic léinn ghinearálta, chomh maith leis an lucht léinn agus cuireann sé go mór agus go nuálach le tíreolas stairiúil bhlianta suimiúla na coimhlinte, an leanúnachais agus an athraithe.





Forbairtí Caipitiúla

Lean clár caipitiúil na hollscoile ar aghaidh le linn 2020/2021 agus rinneadh dul chun cinn suntasach i roinnt tionscadal gníomhach in ainneoin éifeacht phaindéim COVID-19 agus bhoilsciú foirgníochta sa bhliain 2021. Saoráid iasachta Bhanc Infheistíochta na hEorpa a thacaíonn le clár dar luach €250 milliún mar bhonn leis an gclár caipitiúil go príomha. Fuarthas tacaíocht do Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí ó Chiste Bhonneagar Straitéiseach an Ardoideachais go déanach sa bhliain 2019.

Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí (CUBS)
Tar éis seansuíomh *Cork Savings Bank* a cheannach agus a athfhorbairt, tá pleananna ag dul ar aghaidh mar gheall ar fhoirgneamh nua CUBS a thógáil i lár Chathair Chorcaí. Is ann a lonnófar ranna acadúla gnó atá ann cheana féin agus beidh saoráid chomhtháite ann le haghaidh gníomhaíochtaí fo- agus iarchéime mar aon le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Cuireadh críoch le hanailís costais is tairbhe don tionscadal agus ceannaíodh suíomh 1.46 acra ar Ché na gCeannaithe. D'éirigh leis an ollscoil sa bhliain 2019 tacaíocht a fháil i leith chostas iomlán an tionscadail i gcomórtas Chiste um Bonneagar Straitéiseach de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas.

Fund (HESIF) competition. Tá foirne dearthа éagsúla ar an ngearrliosta tar éis dóibh a gcuid cáilíochtaí a chur in iúl agus lorgaíodh tairiscintí ó na foirne seo go luath sa bhliain 2021. Déanfar an fhoireann deartha rathúil a cheapadh go déanach sa bhliain 2021.

1.46-acra **Suíomh 1.46 acra ceannaithe do CUBS**

Scoil agus Ospidéal Fiaclóireachta na hOllscoile Corcaigh
Tá an Scoil Fiaclóireachta lonnaithe ar champas Ospidéal na hOllscoile Corcaigh faoi láthair. Táthar ag moladh anois go n-aistreofaí go dtí Páirc Eolaíochta agus Nuálaíochta sa Churraichín, rud a thacóidh le níos mó mac léinn fo- agus iarcheime a theagasc go héifeachtach. Tá an tionscadal seo ina ghné lárnach de thionscadail arna maoiniú ag EIB.

Ceapadh foireann deartha faoi stiúir *Reddy Architecture and Urbanism* i mí Iúil 2018. Faomhadh cead pleanála don tsaoráid cúig stór 8,710m2 i mí Lúnasa na bliana 2019. Cé gur chuir an phaindéim isteach ar chéim an deartha mar aon leis na hathruiithe aerála, lorgaíodh tairiscintí i mí an Mhárta 2021. Tá boilsciú foirgníochta tar éis dul i bhfeidhm ar an gcostas iomlán táthar ag plé le roghanna chun dul i ngleic leis an easnamh.

Scoil Chliniciúil agus Leighis Ollscoil Chorcaí
Tá sé beartaithe saoráid nua a thógáil ar champas an CUH i gcomhar le FSS is í sin Scoil Chliniciúil agus Leighis. Cheap COC/FSS foireann deartha faoi stiúir *Avanti Architects* chun an tsaoráid seo a dhearadh agus é beartaithe go mbeidh sí lonnaithe in aice le príomhbhealach isteach an ospidéil. Cuirfidh sí áiseanna tábhachtacha tacaíochta agus teagaisc ar fáil do mhic leinn leighis atá lonnaithe san ospidéal. Beidh saoráid de chuid FSS san fhoirgneamh chomh maith ag díriú ar ghairmithe sláinte comhghaolmhara eile. Cuireadh críoch le staidéar féidearthachta i mí Feabhra 2020 agus cuireadh an t-iarratas pleanála isteach i mí Dheireadh Fómhair 2020, rud a ceadaíodh i mí an Mhárta 2021. Tá an dearadh sonraithe sa tsiúl, agus táthar ag súil go lorgófaí tairiscintí go luath sa bhliain 2022.

Táthar i mbun cainteanna le páirtithe leasmhara éagsúla i dtaca le saoráidí scoile leighis cosúla in Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árainn Theas agus Ospidéal na hOllscoile Port Láirge atá mar chuid de Ghrúpa Ospidéal an Iardheiscirt.

Áras Kane
Tugann an ollscoil tús áite do mhór-athchóiriú a dhéanamh ar Áras Kane agus síneadh a chur leis. Ceapadh foireann deartha agus d'fhorbair siad máistirphlean iomlán maor aon leis na céimeanna a bheadh i gceist chun an t-athchóiriú a thabhairt chun críche. Táthar ag súil go maoineoidh an stát agus daonchairdeas an tionscadal seo. Cuireadh tús le réamhoibreacha le linn shamhradh 2019. Tá oibreacha curtha i gcrích chomh maith ar shaotharlann chreatha shárísil nua ardteicniúil san íoslach ar an taobh thuaidh den fhorigneamh 2021.

Iostas na Mac Léinn
Ceannaíodh suíomh Nead an Phréacháin sa bhliain 2016 agus ceapadh foireann deartha i mí Lúnasa 2016, Tugadh cead pleanála le haghaidh na forbartha seo ina mbeidh ceithre thúr le 255 leaba do mic léinn mar aon le saoráid leighis i mí an Mhárta 2018. Cuireadh tús leis an obair thógála i mí na Samhna 2019. Chuir an phaindéim isteach ar dhul chun cinn na tógála ar an suíomh seo agus dúnadh é cúpla babhta le linn 2020 agus 2021 agus níorbh fholáir bearta slándála a chur i bhfeidhm chomh maith a chuir moill leis an bpróiseas. Táthar ag súil é a bheith curtha i gcrích in am don bhliain acadúil 2022/2023.

Institiúid Náisiúnta Tyndall
Tá pleananna ag dul ar aghaidh i gcónaí do mhórfhorbairt nua ar shuíomh an Mheal Thuaidh go díreach trasna chainéal thuaidh na Laoi ó shuíomh Theach Braiche Cois Laoi. Ceapadh foireann deartha faoi stiúir Scott Tallon Walker chun mórfhoirgneamh ar leith a fhorbairt faoi réir ag máistirphlean an tsuímh a forbraíodh leis na comhúinéirí, Ospideal Ollscoile na Trócaire. Tá an tionscadal ina bhunghné de Thionscadal Éireann 2040 (Creat Pleanála Náisiúnta) agus an Plean Forbartha Náisiúnta (2018-2027). Deineadh iarratas ar chead pleanála (lena n-áirítear Tuairisc shonraithe Measúnachta Tionchair Timpeallachta) i mí an Mhárta 2021. De réir mar a bhíothas ag súil leis, lorg Comhairle Cathrach Chorcaí breis eolais i mí an Mheithimh 2021. Tabharfar freagra ar an achainí seo i mí na Nollag 2021 agus táthar ag súil leanúint ar aghaidh le dearadh mionsonraithe agus an tógáil féin ach cead pleanála a bheith faighte.

Cuireadh críoch le dhá thionscadal eile in Tyndall sa bhliain 2020/2021:

- Cuireadh críoch leis an athchóiriú ar an bhfoirgneamh mar chuid de Chéim 3 go déanach sa bhliain 2020 cé gur chuir an phaindéim moill le cúrsaí.
  Bhuaigh an tionscadal gradam SEAI faoin gcatagóir 'Fuimmeamh i bhFoirgnimh' sa bhliain 2021
- Athlonnaíodh dhá shoatharlann ó Bhloc C go dtí Bloc A sa tríú ráithe den bhliain 2021



Tionscadail Eile

Léargas ar Mháistirphlean Forbartha COC
Athbhreithniú ar **Mháistirphlean Forbartha COC** Cuireadh críoch le Máistirphlean Forbartha COC go luath sa bhliain 2021 agus dhein an Coiste Rialaithe an plean a fhaomhadh i mí an Mheithimh 2021. Cuirfear an máistirphlean seo faoi bhráid Chomhairle Cathrach Chorcaí go déanach sa bhliain 2021 mar chuid de Phlean Forbartha na Cathrach, 2022-2028 dá gcuid.

Tá tábhacht nach beag ag baint le tacaíocht ó Fhondúireacht Ollscoil Chorcaí do phlean forbartha fisiciúla na hollscoile maidir lenár gclár caipitiúil. Tá talamh réasúnta beag ag an ollscoil i gcomparáid le hollscoileanna Éireannacha eile. Cruthaíonn seo brú suntasach ar fhorbairtí san ollscoil amach anseo. Tá COC ag súil le mórinfheistíocht ón stát chun tacú le bonneagar na hollscoile trí Thionscadal Éireann 2040 agus tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta (2021-2030). Leanann COC lena chuid oibre i gcomhar leis an ÚAO agus le húdaráis áitiúla chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil ar chumas na hollscoile freastal ar éilimh forbartha amach anseo ar bhonn inbhuanaithe.

Riaráiste Cothabhála
Rinneadh clár bliantúil fadtéarmach chun dul i ngleic leis an easpa cothabhála ar sheanfhoirgnimh in eastát na hhollscoile mar chuid de chlár EIB agus cuireadh críoch leis seo sa bhliain 2021. Deineadh forbairt ar roinnt tionscadal athchóirithe/bonneagair le linn bhliain dheireanach an chláir. Bhain an ollscoil a sprioc de 33% amach go luath maidir le Laghdú Fuinnimh 2020 de chuid na hEarnála Poiblí. D'fhonn sprioc an rialtais chun laghdú carbóin de 51% a bhaint amach faoin mbliain 2030, beidh gá le hinfheistíocht shuntasach maidir le haisfheistithe, teicnoelaíocht taischaidéal srl. Chuir an HEA deontas déabhlóidithe ar fáil don tréimhse 2020/2021, rud a chuirfidh arc humas na hollscoile leanúint uirthi ag dul i ngleic le cothabháil foirgneamh i ndáil le sláinte agus sábháilteacht, earraí nua a chur in áit earraí seanchaite, rochtain srl.

Pleanáil Chomaitéireachta
Mar thoradh ar an laghdú tráchta agus éilimh páirceála le linn na paindéime bhíothas in ann athbhreithniú a dhéanamh ar shaoráidí páirceála rothar ar an gcampas. Aithníodh roinnt ceantar le haghaidh saroáidí breisea agus táthar ag súil go gcuirfear racaí rothar (clúdaithe agus faoin aer) iontu seo go luath.

Leanadh ar aghaidh le pleanáil agus ceannach chun bonneagar na gcarrchlós a uasghrádú agus táthar ar siúl go gcuirfear sin i gcrích faoi lár 2022.

Táthar i mbun cainteanna le hionadaithe ó Chomhairle Cathrach Chorcaí maidir le stáisiúin phoiblí rothar bhreise ar Bhóthar an Cholaiste (méadú ar scéim Rothair Chorcaí). Tá stáisiún á thógáil ar Radharc an Choláiste faoi láthair.

Sprioc Laghdaithe Fuinnimh de 33%

ceithre bliana luath

Cónasctha

LENÁR BPOBAL

Tá COC mar chuid de ghluaiseacht dhomhanda d'institiúidí ardoideachais a bhfuil baint shibhialta acu leis an tsochaí agus iad freagrach aisti agus é mar aidhm acu 'Tríú Misean' na n-ollscoileanna - caidreamh agus tionchar sochaíoch - a chur chun cinn.

Tá COC ina bhall ceannródaíoch de **Ollscoil Eorpach UNIC**, comhghuaillíocht d'ocht n-ollscoil atá ag cur oideachais ar fáil ach teagasc, taighde agus caidreamh leis an bpobal ar siúl acu i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara na cathrach agus an réigiúin.

Foghlaim Bhreisithe an Phobail

- Fuair COC €444,000 ón AE mar mhaoiniú Erasmus+ mar chuid d'iarratas comhpháirtíochta chun modúil foghlama atá bunaithe sa phobail a fhorbairt (UNICORN)
- Bhain clár um Naisc Taighde Phobail-Acadúla (CARL) gaisce amach agus 115 tionscadal taighde lonnaithe sa phobal cruthaithe aige
- I gcomhpháirt le hollscoileanna Éireannacha eile, sheol COC cúrsa ar líne do bhaill foirne mar gheall ar an bhFoghlaim leis an bPobal.*'Your Students Addressing Real World Problems through the Curriculum'*
- D'éirigh le COC maoiniú a fháil ó NFETL chun tionscnamh náisiúnta a stiúradh dar teideal *'Student and Community Partnerships: Impact in Action' initiative* – sraith de chás-staidéar físe agus scríofa ina ndéantar léiriú ar fhoghlaim ghafa phobal na mac léinn

Ag Treisiú Cumas
Sa bhliain 2020, in éineacht le hollscoileanna Éireannacha eile, fuair COC maoiniú de €3.3 milliún thar thréimhse de chúig bliana ón mBord Taighde Sláinte chun Gréasán Náisiúnta Pháirtíocht na nOthar Poiblí, chun taighde sláinte gafa a chur chun cinn in Éirinn.

Faoi stiúir COC rinneadh iarratas dar luach €2 mhilliún ar Eolaíocht Horizon 2020 chun taighde gafa a fhorbairt le comhpháirtithe Chomhghuaillíocht Ollscoileanna Eorpacha UNIC. Bhí COC i gceannas ar an tionscadal GRIPP Horizon 2020 dar luach €1.5 milliún a bhfuil leabú á dhéanamh aige ar Thaighde agus Nuálaíocht Fhreagrach (RRI) chun plé le gníomhaithe na sochaí. Tá COC/Tyndall mar chomhpháirithe sa tionscnamh Time4CS Horizon 2020 dar luach €1.4 milliún ina gcothaítear 'eolaíocht na saoránach' i measc.

Ó Thionchar Náisiúnta go Tionchar Domhanda
I mí an Mheithimh 2021, i gcomhpháirt le hAcadamh Ríoga na hÉireann agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, stiúraigh an ollscoil an fhorbairt ar pháipéar seasaimh, agus siompóisiam náisiúnta ar an taighde gafa: *Better Together: Knowledge Co-production for a Sustainable Society*. Anuais air sin, bhunaigh Ionad Taighde Micribhothóm APC SFI an taighde gafa mar chuid dá fhís straitéiseach. Ar deireadh, tá an Insititiúid Taighde Comhshaoil, Ionad Taighde MaREI SFI, Ionad INFANT agus ISS21 mar cheannairí ar chomhchruthú an eolais leis an tsochaí.

Saotharlann Chathrach Chorcaí
Bhunaigh COC Saotharlann Chathrach Chorcaí, chun dul i ngleic leis na dúshláin shochaíocha a bhíonn ag cathracha iarthionsclaíocha agus na háiteanna thar timpeall orthu. Chuir an AE maoiniú Erasmus+ ar fáil chuige seo mar chuid de thionscnamh Ollscoil Eorpach UNIC dar luach €4.2 milliún.

Comhpháirtíochtaí Sibhialta
Cuireann an ollscoil go mór le comhpháirtíochtaí ileagríochtúla sa réigiún, a fheabhsaíonn ionchuimsiú sóisialta, cúrsaí sláinte, torthaí timpeallachta agus foghlama. Orthu seo tá: Cathracha Sláintiúla Chorcaí; Comhairle Chorcaí um Beartas Bia; Fóram Comhshaoil

Chorcaí; Cathair Tearmainn Chorcaí; Cork Age Friendly City and County; agus Cathair Foghlama UNESCO. Tá cumas na bpobal á thógáil ag an ollscoil ach sé Cheantar Foghlama á gcruthú aici i gCorcaigh, rud a thacaíonn le pobail áitiúla sna Gaeltachtaí, Oileáin Iarthar Chorcaí agus Cathair Saidhbhín (Skellig CRI) i gCiarraí.

Tá compháirtíocht úrnua ag COC dar teideal Daingean 2030 le Gréasáin BSL faoi stiúir Ionad MaREI atá a teacht ar shlite nua chun cur le cumas agus pobail a threisiú maidir le gníomhaíocht aeráide. The Centre for Tacaíonn Ionad na gComharstaidéar le raon leathan eagraíochtaí agus pobal náisiúnta agus go háirithe cuireann sé le cumas ar bhonn náisiúnta laistigh den earnáil miocrairgeadais.

Obair Dheonach na Mac Léinn
Déanann 46% de mhic léinn COC obair dheonach le heagraíochtaí pobail áitiúla, clubanna agus grúpaí campais ar bhonn leanúnach. Tá obair dheonach na mac léinn á leabú ag an ollscoil ina córasuniversity is embedding student volunteering through its **studentvolunteer.ie** ina bhfuil 1,40 mac léinn ag clárú 10,529 u.a.c. d'obair dheonach.

10,528 **u.a.c. d'obair dheonach na mac léinn**

Aosoideachas Leanúnach

Bhí nach mór 700 mac léinn cláraithe le haghaidh chlár an Aosoideachais Leanúnaigh (ACE) in earrach 2021. Seasann seo do mhéadú de 50% ar ghnáthráta rannpháirtíochta i gclár an earraigh. Reáchtáladh 30 cúrsa san iomlán bunaithe ar dhisciplíní éagula ó mhí Eanáir go dí mí Aibreáin 2021.

I mí an Mhárta 2021, chuir ACE suaitheantas digiteach ar fáil as cúrsa sé seachtaine go hiomlán ar líne a dhéanamh mar Aitheantas don Réamhfhoghlaim (RPL) i gcompháirt leis an bhFóram Náisiúnta. Agus an suaitheantas seo ag baill foirne acadúla, beidh siad in ann tuiscint a fháil ar bhrí RPL dá ngort féin.

Bhí ACE i gceannas ar fhreagra na hollscoile ar ghairm Springboard+ de chuid ÚAO sa bhliain 2021. Cuireadh ocht dtogra dhéag maidir le cláir faoi bhráid ACE lena n-áirítear tograí ó gach ceann de na ceithre choláiste ag Leibhéal 7, 8 agus 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Fuair ACE níos mó ná €1 mhilliún i ngairm mhaoinithe Springboard+ chun 12 chúrsa pháirtaimseartha a chur ar fáil i bhfómhar na bliana 2021 agus 236 áit ar fáil.

Alumni agus Forbairt

Mórcheapachán
Thosnaigh An tUas Kerry Bryson san Oifig Alumni agus Forbartha i mí Lúnasa mar Stiúrthóir Forbartha agus Cothaithe Gnó. Sa ról nua seo, tá Kerry freagrach as na gníomhaíochtaí breisithe uile: caidreamh alumni, forbairt agus daonchairdeas, agus cumarsáid straitéiseach chun tacú le feabhas a chur ar dhea-theist dhomhanda na hollscoile, a tionchar agus a héifeacht. Oibreoidh sí le comhghleacaithe timpeall na hollscoile go léir chun gréasáin de pháirtithe leasmhara ar fud na cruinne a fhorbairt agus chun tacú le príomhghníomhaíochtaí ioncaim agus tráchtála, chun tionscnaimh nua a chur chun cinn agus chun an t-ioncam is fearr a ghnóthú. Tagann Kerry go COC ó Ollscoil Stirling mar a raibh sí ina Stiúrthóir um Chur Chun Cinn Domhanda.

Forbairt
In 2020/2021 fuarthas níos mó KPInna ná riamh agus €6.25 milliún faighte mar bhronntanais agus gealltanais cé go nach raibh ach €4 mhilliún mar sprioc ann. Anuas air sin fuarthas €2 mhilliún mar thiomnacht. Ina theannta sin, chuir triúr in iúl don ollscoil go raibh sé mar rún acu leagáidí a fháil do COC ina gcuid uachtanna dar luach €2.25 milliún ar an iomlán.

Imeacht alumni
Ba ar líne a bhí clár imeachtaí alumni de dheasca phaindéim COVID-19. Seoladh an tSraith **Cainteoirí Domhanda** agus gach mí labhair saineolaí ón bpobal domhanda alumni le saineolaí ón ollscoil mar gheall ar cheist thábhachtach idirnáisiúnta. Roinn na cainteoirí seo tuairimí fíorspéisiúla, iad ag caint ar na dúshláin agus deiseanna ar leith ina gcuid earnálacha féin. Ghlac 7,500 páirt sa tsraith ó 51 tír. D'éirigh thar cinn leis an imeacht um Nollaig dóibh siúd a bhí ag filleadh abhaile.

Deiseanna Oibre Deonaí
A bhuí leis an ardán nua **Alumni COC Ar Líne**, a bhfuil 4,100 earcaithe aige, beifear in ann tabhairt faoi dheiseanna éagsúla oibre deonaí. Mar thoradh ar an ardán seo is féidir an Chéad Sceim Meantóireachta idir Alumni agus Mic Léinn de chuid COC a Scéim Meantóireachta na Mac Léinn
Clár píolótach é seo arna fhorbairt ag Alumni agus Forbairt agus Seirbhís na nGairmeacha inar féidir le alumni a bheith mar mheantóirí a chuireann treoir ar fáil. Ag an am ceanna beidh an deis ag na mic léinn faoina gcúram gréasáin thábhtachta ghairmiúla a chruthú le raon leathan alumni mór le rá. Seolfar an clár go luath sa bhliain acadúil 2021/2022.

Craobh Bhaile Átha Cliath COC á Seoladh
I mí an Mhárta 2021, sheol coiste de 14 alumni lonnaithe i mBaile Átha Cliath craobh nua alumni i mBaile Átha Cliath i gcomhar le Alumni agus Forbairt. Chuir pobal alumni Bhaile Átha Cliath fáilte chroíúil roimh bhunú na craoibhe seo.

Cónasctha

AR MHAITHE LE hINBHUANAITHEACHT

Rangú agus Gradaim

Le linn 2020/2021, bhí cáil ar COC i gcónaí mar Ollscoil Ghlas na hÉireann. Tá COC sa 9ú háit ar bhonn domhanda i rangú UI GreenMetric.. Tháinig sé san 8ú háit i Rangú Tionchair an Times Higher Education. Feabhas mór é seo ar an mbliain roimhe nuair a bhí sé sa 32ú háit, cé gur mhéadaigh líon na n-ollscoileanna páirteacha go dtí níos mó ná 1,000. Bhí dea-theist idirnáisiúnta i gcónaí ar an ollscoil de bharr a cuid gaiscí inbhuanaitheachta agus sa bhliain 2020, scríobh sí Meabhrán Tuisceana le hOllscoil Bologna, é siandírithe ar 'campus glas agus inbhuanaitheacht. Sa bhliain 2021, ainmníodh COC mar an Campus Glas is Fearr ag Dámhachtainí Oideachais na hÉireann.

Oibríochtaí: Ár lorg carbóin a laghdú

Sa bhliain 2021, d'eisigh rialtas na hÉireann **Plean Gníomhaíochta Aeráide** na hÉireann ina leagtar amach spriocanna náisiúnta agus earnála i dtaobh laghduithe ar astaíochtaí carbóin. Tá sprioc eatramhach na bliana 2030 ag COC chun laghdú iomlán de 61% ar astaíochtaí Scóip 1 agus 2. D'fhonn amhlaidh a bhaint amach, cuirfear isteach córais teasa fuinnimh in-athnuaite, bainfear leas as teicneolaíochtaí taischaidéal in áit chóras na mbreoslaí iontaise agus leanfar leis na feachtais sábhála fuinnimh. A bhuí le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), tá cosán iomlán mapáilte ag COC chun na spriocanna seo a bhiant amach agus tionscadail iarfheistithe agus fuimmimh in-athuaite ar na bioráin.

Sheol COC a scéim *Saver Saves* sa bhliain 2016 agus mar thoradh uirthi seo tá sábháil shuntasach fuinnimh déanta ar fud an champais. Faoi láthair tá sé fhoireann *Saver Saves* ghníomacha san ollscoil.

Tá na foirne seo tar éis 3,000,000 kWh d'fhuinneamh sábháilte acu, rud a sheachnaíonn 1,100 tCO2 agus tá laghdú suntasach déanta acu ar an méid dramhaíola i ngach foirgneamh agus feabhas curtha acu ar rátaí athchúrsála na dramhaíola. Nuair a chuirtear seo san áireamh le córais ISO 50001 bainistíochta fuinnimh de chuid na hollscoile d'éirigh le COC feabhsú éifeachtúlachta fuinnimh de 51.5% a ghnóthú gan ach sprioc de 33% aige. In ainneoin gur cuireadh 41% le méid an eastáit ón mbliain 2006, d'éirigh leis an ollscoil laghdú de 21% in úsáid iomlán fuinnimh faoin mbliain 2020. A bhuí le hinfheistíocht leanúnach sa chlár iarfheisithe dár gcuid, tá gach cuma ar an scéal go mbainfidh COC a chuid spriocanna laghdaithe carbóin amach faoin mbliain 2030.

In 2020/2021 chuir Aonad Cothaithe Soláthair Fuinnimh an fardal ba mhionsonraithe maidir le hastaíochtaí carbóin go dtí seo. Léiríodh ann go mbaineann 55% de lorg charbóin na hollscoile le hastaíochtaí Scóip 3 dár gcuid, .i. iad siúd a eascraíonn as ár gcuid gníomhaíochtaí iompair agus soláthair. Tá sé ríthábhachtach mar sin go mbeidh gach foinse d'astaíochtaí na hollscoile cuimsithe inár bpleananna inbhuanaithe agus gníomhaithe ar son na haeráide agus ní hamháin na foinsí a bhaineann le teas agus leictreachas. Cuireadh i bhfeidhm na tionscadail seo a leanas:

- **Triail Rothar Leictreach don Fhoireann:** seasann an taisteal a dheineann an fhoireann chun na hoibre in COC do 5% dá lorg carbóin. Tá sciar nach beag de na baill foirne seo ag taisteal idir cúig agus fiche ciliméadar chun na hollscoile. D'aithin COC an tábhacht a bhaineann le

rothair leictreonacha chun astaíochtaí comaitéireachta na foirne a laghdú, agus chuir sé rothair leictreonacha ar fáil do bhaill foirne ar bhonn trialach mar spreagadh chun athrú meoin a chothú ina measc siúd nach raibh ach achar réasúnta gairid le tiomáint acu gach lá. Ghlac níos mó ná 150 ball foirne páirt sna trialaca go dtí seo agus á seisear díobh tar éis an rothar leictreach a ghlacadh mar phríomh-mhodh taistil.

Luchtú Feithiclí Leictreacha:
Tá leathanú déanta ag COC ar a bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha le haghaidh ball foirne agus tá 14 stáisiún luchtaithe ar fud an eastáit aige dóibh. Chláraigh cúig bhall foirne is seachtó chun na hionaid luchtaithe seo a úsáid agus baintear úsáid astu níos mó ná 5,000 in aghaidh na bliana.

Straitéis Soláthair:
agus aitheantas tugtha aici do thionchar an tsoláthair ar astaíochtaí Scóip 3 de chuid COC, tá inbhuanaitheacht curtha san áireamh ag Oifig an tSoláthair i ngach sonraíocht agus critéar. D'éirigh leis na tionscadail soláthair ghlasa seo le déanaí: seirbhísí glantacháin na hollscoile; seirbhísí deartha ghrafaigh; seirbhísí slándála; seirbhís bainistíochta carrchlóis; agus seirbhís clódóireachta inbhuanaithe.

Foghlaim agus Teagasc

Straitéis Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe (SDG)
Forbaríodh Straitéis SDG de chuid COC mar acmhainn do bhaill foirne SDGanna na Náisiún Aontaithe a chomhtháthú níos fearr ina gcuid nósanna teagaisc. Mhaoinigh Fóram Násiúnta na hÉireann um Theagasc agus Foghlaim an tionscadal seo agus forbraíodh é chun sprioc na hinbhuanaitheacha in Curaclam Cónasctha COC a bhaint amach. Próiseas comhoibritheach tras-ollsoile a bhí i gceist leis seo. An cur chuige a bhí aici ná go raibh na 'mic léinn mar chomhpháirtithe', agus beirt mhac léinn páirteach sa ghrúpa comhairleach. Forbraíodh an straitéis seo ach

165 **Chláraigh 165 rannpháirtí don mhodúl**

seisiúin fócais bheaga agus duine-le-duine a reáchtáil inar ghlac níos mó ná 40 ball foirne agus 25 mac léinn páirt iontu. Baineadh triail as teicnící agus acmhainní in 20 léacht i ndisciplíní éagsúla in COC. Chomh maith leis sin, reáchtáladh ceardlanna forbartha gairmiúla mar aon le mórimeacht forbartha gairmiúla. Acmhainn oscailte ar líne atá i gceist leis an straitéis seo agus í ar fáil d'institiúidí ardoideachais uile le cur in oiriúint dóibh féin.

Modúl Uile-Ollscoile
n 2021/2022 ba ar líne a reáchtáladh an Modúl in Inbhuanaitheacht; chláraigh 165 rannpháirtithe le haghaidh an mhodúil.

Todhchaíochtaí Inbhuanaithe
Tá sé mar aidhm ag tionsacdal na dTodhchaíochtaí Inbhuanaithe gnólachtaí a chumasú chun a gcuid riachtanas dlíthiúil a chomhlíonadh agus carbón á isliú acu amach anseo, agus chun desieanna a thapú ach dul i ngleic le dúshláin aeráide na hÉireann sa turas.

Tá méid na ngólachtaí a bhfuil lucht saothar oilte de dhíth orthu ag fás i gcónaí; lucht saothair a bhfuil eolas acu ar inbhuanaitheacht agus dícharbónú agus atá in ann ceisteanna aeráide a chuimsiú i straitéis, oibríochtaí agus cinnteoireacht. Ní mór freisin leas iomlán a bhaint as soláthar fostaíochta agus brábúsacht. Tionscnamh uile-ollscoile is ea na Todhchaíochtaí Inbhuanaithe ina dtabharfar le chéile eolaíocht agus fiontraíocht, léann agus tionsclaíocht chun inbhuanaitheacht agus

dícharbónú a chur chun cinn ach cáilíochtaí nua mar aon le cúrsaí forbartha gairmiúla leanúanú a fhorbairt a bhainfidh tairbhe as saineolas clúiteach COC i gcúrsaí comhshaoil.

Pléifidh an tionscadal le tionsclaíocht agus gnó chun forbairt curaclaim a fheidhmiú atá bunaithe ar fhiontraíocht, agus béim á leagan ar na scileanna a theastaíonn chun aistriú go dtí cleachtais fiontraíochta inbhuanaithe trí dhícharbónú.

Cuirfidh sé forbairt bhreise ar na cláir nua seo: Ard-Dioplóma (Leibhéal 8), Teastas Iarchéime (Leibhéal 9), Dioplóma Iarchéime (Leibhéal 9) agus Máistreacht (Leibhéal 9). Tá na cáilíochtaí seo dírithe ar ghrúpaí éagsúla sa phobal: céimithe ó gach disciplín; foireann obiríochta laistigh de chomhpháirtithe tionsclaíochta; agus luathcheannairí, ceannairí i lár a ngairme, ceannairí reatha agus ceannairí uaillmhianacha a theastaíonn uatha a gcuid cumais a fhorbairt chun cur le freagra an ghó ar dhúshláin na hinbhuanaitheachta. Forbrófar cúrsaí forbartha gairmiúla eile a bheidh dírithe ar dhaoine gairmiúla na hearnálacha go léir ar mhian leo a gcuid scileanna a fheabhsú i réimsí éagsúla chun dul i ngleic leis an inbhanaitheacht chomhshaoil laistigh den fhiontraíocht.

Tá COC i gceannas ar thionscadal na dTodhchaíochtaí Inbhuanaithe agus é ag comhoibriú le hOllscoil Mhá Nuad agus An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach. Chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maoiniú de €3,913,440 ar fáil faoina Thionscnamh Caipitil Dhaonna.

Pobal COC á Ghríosadh

Tionól Aeráide COC
I mí Feabhra 2021, tháinig mic léinn agus baill foirne COC le chéile chun tionóil aeráide a reáchtáil in COC. Ba é seo an chéad tionól aeráide in aon ollscoil in Éirinn. Spreag Tionól na Saoránach an tionól seo agus bhí sé bunaithe ar an riachtanas chun feabhais.

Bhraith mic léinn COC gur léirigh an phaindéim cuid de na mór-neamhionnanais sa tsochaí timpeall orainn, rud a thug lón machnaimh dúinn mar gheall ar an nasc atá againn leis an bpláinéad. Bhí ocht gcinn de cheardlanna sa tionól bunaithe ar théamaí éagúla. D'éascaigh mac léinn agus ball foirne iad seo in éineacht. Reáchtáladh na ceardlanna i gcaitheamh coícíse agus iad oscailte do bhaill uile de phobal COC. Comhoibriú ab ea an tionól idir Coiste an Champais Ghlais, Aontas na mac Léinn, agus Cumainn COC. Chabhraigh foireann na bhFoirgneamh agus na nEastát le heagrú na gceardlann. Tugtar in ***Build Back Better Climate Assembly Report*** sraith moltaí uaillmhiantacha lena n-áirítear: feabhas a chur ar bhonneagar rothaíochta; laghdú ar úsáid carranna príobháideacha; laghdú ar thaisteal gnó acadúil; agus sprioc chun bheith saor ó astaíochtaí go hiomlán faoin mbliain 2030.

Bronnadh
€3,913,440
ar thionscadal na dTodhchaíochtaí

Foilsíodh treoir, ***UCC Green Campus Climate Assembly Guide***, mar chúnamh dóibh siúd a reáchtálann imeachtaí cosúla. Táthar ag súil go spreagfaidh seo institiúidí ardoideachais eile méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht a bpobal campais chun beartais ghníomhaíochta aeráide a fhorbairt.

Cónasctha

AR MHAITHE LE COTHROMAÍOCHT, ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSITHEACHT

Mórcheapachán
Thosaigh an Dr Avril Hutch san ollscoil i mí an Mheithimh 2021 mar Stiúrthóir ar **Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú**. Tagann Avril go dtí COC ó Choláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn agus díreoidh sí ar sholáthar a dhéanamh ar chur chuige iomlánaíoch ollscoile i leith comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe de do mhic léinn agus baill foirne araon.

Tionscnamh: Ollscoil a Thacaíonn le hUathachas
Tháinig claochlú ar Shean-Tábhairne an Choláiste, áit a raibh cion ag cách air, agus é mar spás faoisimh agus ciúnais do mhic léinn, go hairithe mic léinn atá ar speictream an uathachais. Dhá leibhéal atá sa **Cheantar Ciúin** agus tá gach gné den spás - fuaimíocht agus inrochtaineacht san áireamh - leaghta amach chun an tacaíocht is fearr a thabhairt dóibh siúd le huathachas. Tá sé deartha faoi réir ag treoirlínte deartha domhanda maidir le spásanna laistigh le haghaidh daoine le huathachas. **Forbraíodh** dhá spás chéadfacha lasmuigh, Clós Boole agus Gairdín na Sceiche Gile mar áiteanna calma faoisimh do mhic léinn ar an gcampas i mbliana.

Tá na tionscnaimh seo mar chuid de thiomantas na hollscoile chun an campas a chlaochlú chun freastal ar éilimh éagsúla na mac léinn.

Ceannairí ar an Oideachas Ionchuimsitheach
I mhí Mheán Fómhair 2021 bhronn an tÚdarás um Ard-Oideachas €1 mhilliún mar mhaoiniú feidhmíochta ar an ollscoil mar aitheantas do thiomantas COC d'oideachas **ionchuimsitheach** a chur chun cinn, agus dá chuid iarrachtaí chun ardoideachas a oscailt do mhic léinn faoi mhíchumas agus**Teastas i Maireachtáil Chomhaimseartha** á sholáthar aige.

Gradam Athena SWAN
Ghnóthaigh Scoil na Bitheolaíochta agus Scoil an Dlí Gradaim Chré-Umha **Athena SWAN**. Cuid ríthabhtachtach d'fhís straitéiseach na hollscoile is ea *Athena SWAN*.

Tá cruthú timpeallachtaí ionchuimsitheacha oibre agus foghlama mar bhunchloch de chothú tallainne agus cumais i measc ball foirne agus mac léinn.

Fóram Comhionnanais Ciníocha COC
I mí na Samhna 2020, thosaigh an Dr Amanullah De Sondy sa ról mar chomhchathaoirleach ar Fhóram Comhionnanais Ciníocha COC agus chuir sé tús le sraith phlé ar líne dar teideal '*Conversations on Racism in Ireland*'. Éascaíonn an tsraith chéanna comhráití fiúntacha mar gheall ar chiníocha agus ciníochas in Éirinn go ginearálta agus go háirithe in ollscoileanna. Tá se mar aidhm aici plé fiúntach a reáchtáil mar gheall ar eispéireas réadúil na mionlach san acadamh, agus chun tabhairt faoi plean gníomhaíochta comhionnanais ciníocha le haghaidh COC.

Scéim Scoláireachta Tearmainn
Bronnadh cúig scoláireacht tearmainn ar mhic léinn in 2020/2021 a thabharfaidh faoi chláir fochéime i gColáiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia, Colásite na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta, agus Coláiste an Ghnó agus Dlí, lena n-áirítear den chéad uair riamh, iontrálaí dlí. As measc scoláirí na bliana seo, tá triúr scoláirí Ardteistiméireachta, beirt iontrálaithe QQI agus beirt mhac léinn lánfhásta. Tá oideachas ollscoile curtha ar aon mhac léinn is fiche in COC a bhuí leis an scéim seo. Tá an Scéim Scoláireachta Tearmainn mar dhlúthchid de chultúr fáiltiúil a chothú laistigh den ollscoil agus í aitheanta mar **Ollscoil Tearmainn**.

Tionscnamh Ceannaireachta Acadúla Sinsearaí
Ba faoin Tionscnamh Ceannaireachta Acadúla Sinsearaí (SALI) a ceapadh an tOllamh Lindsey Earner-Byrne mar Ollamh le Stair Inscne na hÉireann agus an tOllamh Ruth Massey mar Ollamh le hEolaíocht Micribhithóim agus Sláinte. Tá sé mar aidhm ag tionscnamh SALI tacú le hinstitiúidí aroideachais feidhmiú ar bhonn gníomhach chun a gcuid cuspóirí agus spriocanna a bhaint amach agus a chur chun cinn maidir le comhionnans insnce agus éagsúlachta. Tá COC tiomanta do chothú comhionnanais agus éagsúlachta mar institiúid.

Airgeadas

Airgeadas

Cruthaíonn tionchar phaindéim COVID-19 ar gach gné de ghníomhaíocht na hollscoile dúshláin airgeadais nach beag i gcónaí. Ina ainneoin seo, rinneadh taifead de bharrachas grúpa iomlán de €8.2 million don tréimhse 2020/2021 murab ionann is an t-easnamh de €2.26 milliún in 2019/2020 agus easnamh de €5.64 milliún in 2018/2019. Gnóthaíodh an barrachas seo a bhuí le dianbhainistíocht agus feabhsú leanúnach ar ioncam ón Státchiste agus ó fhoinsí eile. Anuas air sin, d'éirigh leis an ollscoil fáltas infheistíochta dearfach a bhaint amach dar luach €3.4 ar a cuid infheistíochtaí. Sheas tuillimh roimh ús, cáin, luachlaghdú agus amúchadh (EBITDA) ag €23 milliún in 2020/2021, rud a sheasann do mhéadú de 44% ar an bhliain roimhe agus EBITDA ag €16 mhilliún.

An bhliain seo, chuir an ollscoil críoch le hathbhreithniú ar Shaolré Eacnamaíoch Fhónta Ionchasach (EUL) de roinnt sócmhainní seasta. Mhéadaigh an t-athbhreithniú EUL de roinnt sócmhainni ó 50 go dtí 80 bliain. Chiallaigh seo laghdú, ar bhonn bliantúil, ar an muirear luachlaghdaithe de thart ar €6 mhilliún; bhí an laghdú seo seach-churtha ag laghdú ar amúchadh na ndeontas caipitil de thart ar €2 mhilliún.

Ráiteas ar an Ioncam Cuimsitheach

Tábla 1 Torthaí go hAchomair	30/09/2021	30/09/2020	30/09/2019
	€'000	€'000	€'000
Deontas an stáit	67,954	61,331	57,482
Táillí acadúla	152,924	151,242	142,279
Deontais agus conarthaí taighde	95,043	94,414	99,032
Amúchadh dheontais chaipitil an stáit	9,044	11,326	9,923
Ioncam oibríochta eile	43,920	41,184	60,742
Ioncam úis	5	20	50
Ioncam infheistíochta	124	355	552
Maoiniú iarchurtha pinsean	59,653	57,660	54,054
Bronntanais agus dearlaicí	3,346	3,573	3,724
Ioncam iomlán	432,013	421,105	432,838
Costas seirbhíse foirne agus pinsin	298,563	295,677	279,233
Costais oibríochta eile	82,060	81,663	99,352
Costas úis pinsin	26,053	22,748	36,859
Luachlaghdú	20,475	26,300	23,622
Caiteachas iomlán	427,151	426,388	439,066

Tháinig fás de €10.9 milliún go dtí €432 milliún ar Ioncam Comhdhlúite Iomlán na bliana.

Ioncam
Tháinig feabhas ar fhoinsí ioncaim ón Státchiste mar sicar den ioncam iomlán, agus tháinig méadú ar dheontais an stáit go dtí 10.8% den ioncam iomlán, léiríonn an méadú seo maoiniú breise aonuaire COVID-19 a fuarthas ón stát chun costais a ghlanadh a d'eascair as an aistriú go dtí cianfhoghlaim agus na riachtanais a bhain le bearta ar an gcampas chun ionfhabhtú a smachtú/a chosc.

Sheas ioncam na dtáillí acadúla de €152.9 milliún in 2020/2021 do mhéadú de €1.68 milliún, rud a léirigh fás 1% ar líon na mac léinn ó 22,650 in 19/20 go dtí 22, 934, agus mic léinn neamh-AE mar 10.74% de na mic léinn ar an iomlán. Seasann ioncam ó mhic léinn idirnáisiúnta de €32.4 milliún do laghdú de €4.5 milliún in aghaidh na bliana ag eascairt as tionchar bliana iomláine de shrianta taistil idirnáisiúnta COVID-19. Tá an ollscoil ag súil go dtiocfaidh feabhas ar fhoinse ioncam na mac léinn idirnasiúnta agus srianta taistil idirnáisiúnta COVID-19 maolaithe. Tá fócas na hollscoile i gcónaí ar fheabhas a chur ar ioncam na mac léinn idirnáisiúnta chun deimhin a dhéanamh de go gcruthaíonn sí dóthain acmhainní ar mhaithe le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Tháinig méadú ar tháillí na mac léinn in 2020/2021 de bharr líon na mac léinn ag freastal ar an ollscoil a bheith ag fás ar bhonn leanúnach agus mar sin tháinig méadú ar líon na dtáillí a fuarthas.

As ioncam iomlán na dtáillí acadúla dar luach €152.9, dhíol an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) iomlán de €47.8 thar ceann mhic léinn fochéime an AE, méadú de 3.2% ar an mbliain roimhe. Tháinig an €105.1 millliún eile ón leas ar bhain an ollscoil as a cuid amhainní féin chun seasmhacht airgeadais a chinntiú. Seasann ioncam oibríochta eile ag €43.9 milliún, méadú de €2.7 milliún/6.6% i gcomparáid leis an mbliain roimhe, rud a léiríonn an téarnamh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta ginearálta agus srianta COVID-19 maolaithe in 2021.

Tháinig ioncam de €95 milliún i mbliana as gníomhaíochtaí taighde. Léiríonn seo an méadú ar ghníomhaíochtaí taighde in ainneoin na titime in 2020.

Caiteachas
Sheas caiteachas comhdhlúite na bliana ag €427.2 milliún, méadú de €0.9 milliún sa bhliain. Tháinig fás ar chostais foirne i ngrúpa cuideachtaí COC de €2.89 milliún/1% mar thoradh ar athchóiriú pá ag eascairt as Comhaontú na Seirbhísí Poiblí, 2021-2022 dar teideal Buliding Momentum agus as breisíochtaí foirne. €82.1 milliún na costais oibríochta eile agus méadú iad seo de €0.49 milliún ar an mbliain roimhe. Léiríonn seo go bhfuil gníomhaíochtaí sa tsiúl ar an gcampas arís agus srianta sláinte poiblí COVID-19 laghdaithe.

Sócmhainní Seasta
Léiríonn an méadú ar chostais talún agus foirgneamh le linn 2020/2021 an caiteachas leanúnach ar thionscadal iostas na mac léinn i Nead an Phréacháin, €4.0 milliún. €24.0 an costas ar threalamh, a bhain le taighde den chuid ba mhó, le linn 2020/2021. Easnamh de €20.5 milliún muirear na bliana.

Infheistíochtaí
Baineann na hinfheistíochtaí go príomha le hinfheistíochtaí i seilbh Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile Corcaigh faoi mar a bhí ar an Déardaoin 30 Meán Fómhair 2021. Foinse ioncaim an ciste seo ar mhaithe le duaiseanna agus scoláireachtai i raon leathan disciplíní. Léiríonn an méadú de €3.4 milliún ar infheistíochtaí an téarnamh ar mhargaí cothromais in 2021. Tá luach an chiste méadaithe le cúig bliana anuas le €8.3 milliún, rud a léiríonn fás bliantúil de 11.3%.

Féichiúnaithe
In aghaidh na bliana, tháinig méadú de €11 million (25%) ar an mbliain roimhe. Is ann don mhéadú seo mar thoradh ar an athrú, in aghaidh na bliana, ar an uainiú maidir le hairgead áirithe a fháil.

Infheistíochtaí Socmhainní Reatha agus Airgead sa Bhanc
Leanann leachtacht láidir na hollscoile i gcónaí; seasann iarmhéideanna airgid agus infheistíochtaí gearrthéarmacha ag €109.6 millilún ar an 30 Meán Fómhair 2021, méadú de €25 milliún i gcomparáid le 2020. Tá polasaí cuimsitheach ag an ollscoil ó thaobh cistí de le cinntiú go laghdófar na rioscaí sa ghné seo.

Méideanna Creidiúnaithe atá Dlite laistigh de Bhliain Amháin
Tháinig méadú ó €29.5 millliún go dtí €253.2 milliún ar chreidiúnaithe atá dlite laistigh de bhliain amháin, méadú de 13.2%. An phríomhchúis leis an méadú seo ná uainiú na n-íocaíochtaí a eascraíonn as gníomhaíochtaí taighde áirithe.

Tá creidiúnaithe trádála laghdaithe go dtí €6.96 milliún, laghdú de €2.04 milliún/22% ón mbliain 2020. Is mar thoradh ar uainiú íocaíochtaí na gcreidiúnaithe trádála ag deireadh na bliana é seo chomh maith le éifeachtúlachtaí oibríochtaí i ngnáthaimh próiseála íocaíochtaí grúpa. Mhéadaigh iasachtaí gearrthéarmacha go dtí €8.4 milliún, méadú de €2.4 milliún/41%; eascraíonn seo as próifíl aisíoctha phunann iasachtaí an ghrúpa.

Méideanna Creidiúnaithe atá Dlite tar éis níos mó ná Bliain Amháin
Tháinig méadú de €8.7 milliún/2% ar an iarmhéid seo bliain i ndiaidh bliana. Is mar thoradh ar iasacht nua é seo go príomha a fuarthas ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta le haghaidh an lóistín i Nead an Phréacháin.

Cúlchistí Srianta agus Neamhshrianta
€242.9 milliún na cúlchistí srianta agus neamhshrianta ar an Déardaoin 30 Meán Fómhair 2021, iad €8.2 milliún níos airde ná 2020.

Achoimre agus Tuar
Sa bhliain airgeadais 2020/2021 ba mhór na dúshláin a bhí ann don ollscoil de dheasca thionchar phaindéim COVID-19 ar an timpeallacht oibríochta. D'éirigh le COC samhail ghnó lúfar a sholáthar agus taithí acadúil hibride ar an ardoideachas agus an t-oideachas gairmiúil a chur ar fáil aici, rud a chinntigh oideachas ar ardchaighdeán arna thacú ag teicneolaíochtaí digiteacha ar líne.

Chun dul i ngleic le dúshláin agus neamhchinnteachtaí COVID-19 sa bhlain 2021,agus go dtí seo, bhí sárthoradh ar ghníomhaíochtaí taighde maille le sochair ó mhaoiniú seachtrach le leinn thréimhse na tuairisce. Bhí rath leanúnach ar shocruithe cianoibre na foirne eile san ollscoile, agus ní mór buíochas ar leith a chur in iúl dár bhfoireann iontach, a dhéanann freastal den chéad scoth ar ár gcuid mac léinn in aimsir seo na neamhchinnteachta.

Bhí méadú ag teacht ar líon na mac léinn ag leibhéal na fo- agus na hiarchéime le linn 2020/2021; tháinig téarnamh ar ioncam ó oibríochtaí coimhdeacha sa bhliain 2021, cé go raibh timpeallacht oibríochta dhúshlánach i ndán do chuid de na gníomhaíochtaí coimhdeacha seo.

Thainig méadú ar ioncam ón státchiste agus ioncam nach é le linn na bliana a bhuí le deontais an stáit agus leis na cúrsaí acadúla iontacha arna soláthar ag COC agus Institiúid IMI.

Cé go raibh gá le tacaíocht ón rialtas i gcoinne COVID-19 agus cé go gcuirtear fáilte roimh an infheistíocht san ardoideachas agus sa taighde a fógraíodh i gCáinaisnéis 2022, ní leor í chun dul i ngleic leis an easnamh bunúsach san earnáil.

D'aithin tuairisc Cassells sa bhliain 2016 na ceisteanna maoinithe in earnáil an tríú leibhéal in Éirinn agus tá an ollscoil ag súil leis an deis a fháil chun plé leis an roinn trí Chumann Ollscoileanna Éireann (IUA) d'fhonn deimhin a dhéanamh de go gcruthófar samhail mhaoinithe leordhóthanach le haghaidh an oideachais tríú leibhéal, rud a chinnteoidh go mbeidh ról nach beag ag COC i ndul chun cinn na hÉireann amach anseo.

Tá an ollscoil ag súil go gcuirfidh COVID-19 iseteach ar a cuid airgeadais sa bhlain 2022, agus tá COC lánmhuiníneach go dtiocfaimid as seo ar bhonn dearfach chun ár gcuid cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, ag cur lenár mbonneagar agus ár mbunús acmhainní agus fás todhchaíoch á bhrú chun cinn.

Cumasú
CEANGAL

Cumasú Ceangal

Gnóthaí Corparáideacha agus Dlíthiúla
Imríonn an Oifig um Ghnóthaí Corparáideacha agus Dlíthiúla (OCLA) ról lárnach san ollscoil. Tá clár oibre straitéiseach á chur i bhfeidhm aici agus creat rialaithe éascaar féidir brath air á sholáthar aici a fhreagraíonn do na héilimh reachtúla agus ionchais na bpáirtithe leasmhara. Deineann sí amhlaidh ach tacú leis an gCoiste Rialaithe agus le Coistí an Choiste Rialaithe. Cuireann OCLA na seirbhísí gairmiúla seo ar fáil do phobal na hollscoile:

- dleathach
- comhlíonadh faisnéise
- bainistíocht taifead
- cartlann
- sláinte agus sábháilteacht
- bainistíocht riosca

Le linn 2020/2021 agus sinn faoi scáth phaindéim COVID-19, seo cuid de ghaiscí OCLA:

- Rinne sé comheagrú, i gcomhar leis na hAcmhainní Daonna, ar earcú an séú huachtarán ollscoile déag.
- Stiúraigh sé Foireann Leanúnachais Gnó an Champais agus bearta rialaithe ionfhabhtuithe faoi réir ag comhairle sláinte poiblí COVID-19 chun go mbeifí in ann filleadh ar an gcampas, lena náirítear oiliúint a chur ar fáil do níos mó ná 200 ionadaí ceannaireachta oibre ar fud na hollscoile.
- Bhainistigh sé éileamh árachais na hollscoile de dheasca an chur isteach ar a cuid gnó de dheasca na paindéime.
- Rinne sé athbhreithniú ar struchtúir rialaithe na mac léinn agus rinné sé uasdátú cuimsitheach ar Rialacha na Mac Léinn.
- Chuir sé comhairle dlíthiúil agus cosanta sonraí ar fáil maidir le feidhmiú an Chreata um Chead a Chothú agus Foréigean Gnéis a Chosc in Instidiúidí Ardoideachais.
- Chuir sé comhairle dhlíthiúil agus cosanta sonraí ar fáil do bhuíon Éireannach na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus an Triail Dlúthpháirtíochta ar siúl, triail dhomhanda urraithe in Éirinn ag an Roinn Sláinte. Rinneadh iniúchadh sa Triail ar chóireálacha éifeachtacha i gcoinne COVID-19. D'fhorbair foirne dlíthiúla agus géilliúlachta faisnéise de chuid OCLA an creat dlíthiúil agus comhairle cosanta sonraí don staidéar seo ina raibh níos mó ná 30 conradh le tiomsú le sé ollscoil, naoi suíomh ospídéil, an Roinn Sláinte, Gníomhaireacht Éileamh an Stáit, agus an Bord Taighde Sláinte.
- D'athsrícríobh sé an Beartas Nochtaí le bheith faoi réir ag reachtaíocht nua.
- D'imir sé ról tábhachtach, i gcomhar leis an IUA, ar Cód um Rialú Fhochuideachtaí na nOllscoileanna Éireannacha a dhréachtadh

Chuir OCLA le COC agus na nithe seo leanas curtha i gcrích aige:

- Laghdaigh sé ráta na dtimpistí foirne don cheathrú bliain as a chéile.
- Thacaigh sé le raon leathan gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta san ollscoil ach leas a bhaint as a chuid feidhmeanna árachais, dlíthiúla, géilliúlachta faisnéise, sláinte agus sábháilteachta agus bainistíochta riosca.
- Thacaigh sé le hoibríochtaí fhochuideachtaí na hollscoile ach leas a bhaint as a fheidhm rialaithe agus chabhraigh sé le gníomhaíochtaí tiomsaithe ioncaim.

Ballraíocht an Choiste Rialaithe 1 Iúil 2020 - 30 Meitheamh 2021

Príomh-Oifigeach:
An tOllamh John O'Halloran,
Uachtarán

Cathaoirleach:
An Dr Catherine Day

Oifigigh Shinsearacha:
An tOllamh Stephen Byrne,
Cláraitheoir Eatramhach

Ollúna/Comhollúna:
An tOllamh Frédéric
Adam an tOllamh John Cryan
Folamh
An tOllamh David Kerins

Foireann Acadúil:
(seachas Ollúna/Comhollúna):
An Dr Louise Crowley
Michael Delargey
An Dr Angela Flynn
An Dr Heather Laird
An Dr Brian O'Flaherty

Foireann (seachas foireann acadúil):
Sinead Hackett
Gary Hurley
An tUas J.P. Quinn

Mic Léinn:
Naoise Crowley, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn,
Eimear Curtin, Leas-Uachtarán, Aontas na Mac Léinn

Mac Léinn Iarchéime:
Folamh, Oifigeach na nIarchéimithe, Aontas na Mac Léinn

Ainmnithe ó Eagraíochtaí Seachtracha:
Dermot Breen (IBEC)
An tUas Colm Leen (Comhlachas Tráchtála Chorcaí)
John Fitzgibbons (Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí)
Margaret Lane (Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí)

Ainmnithe ón Aire Oideachais agus Eolaíochta:
An tOllamh Maeve Conrick
Fionuala McGeever
Rose McHugh
Bride Rosney

Céimithe:
Owen Dinneen
Michelle Healy
Jennifer O'Sullivan

Ard-Mhéara Chorcaí:
An Comhairleoir Joe Kavanagh

Méara Chathair agus Chontae Phort Láirge:
An Comhairleoir Damien Geoghegan

Ainmithe ó Ollscoil na hÉireann:
An Dr Valerie Mannix Boyle
An Dr Dermot O'Mahoney

Ainmnithe ó Chomhairlí na gContaetha Riaracháin:

Corcaigh	An Comhairleoir Bernard Moynihan
Cathair agus Contae Phort Láirge	An Comhairleoir Davy Daniels (Méara Ceantar Uirbeach Chathair Phort Láirge)
Ciarraí	An Comhairleoir John Francis Flynn
Luimneach	An Comhairleoir Jerry O'Dea
Tiobraid Árann	An Comhairle Michael Fitzgerald

Spléachadh ar COC

An 1ú háit in Éirinn
maidir le hInfhost-aitheacht Céimithe

Sa chéad 1.1%
of Universities In The World

An 1ú háit in Éirinn
maidir le Rochtain

€95m
an 1ú háit in Éirinn maidir le hIoncam Taighde

Sa 9ú
háit i measc na nOllscoileanna is Inbhuanaithe ar Domhan

€432m
Ioncam Bliantúil

3,000
Ball Foirne Acadúil, Taighde agus Riaracháin

4,000
Mac Léinn Idirnáisiúnta as 104 tír

23,617
Mac Léinn Cláraithe

15,881
Mac Léinn Fochéime

7,736
Mac Léinn Iarchéime

106
Cumann

1/3
de bhaill Foirne Eachtrannacha

1,795
Mac Léinn Aosoideachais agus Oideachais Leanúnaigh

200,000
Alumni ar fud an Domhain

52
Club